

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 33



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

3 Feabhra 2023

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/204 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí de bhun Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/205 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1239 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis ⁽¹⁾ 24

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/204 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Deireadh Fómhair 2022

lena leagtar síos sonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí de bhun Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 5(10), 6(4), 11(3), 14(4), 15(4) agus 16(6) de,

I ndiaidh dul i gcomhairle leis an gCoiste maidir le hIompar Digiteach agus Éascú Trádála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart do na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta na feidhmiúlachtaí uile is gá chun na hoibleagáidí tuairiscithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239 a chomhlíonadh a sholáthar do na dearbhóirí sna comhéadain ghrafacha úsáideora. Chun eispéireas comhchosúil a áirithiú do na húsáideoirí, ba cheart liosta coiteann feidhmiúlachtaí a shainiú agus ba cheart na feidhmiúlachtaí sin a bheith ar fáil do na dearbhóirí i ngach Ballstát. Mar sin féin, chun costais a íoslaghdú agus comhoiriúnacht leis na comhéadain atá ann cheana a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit feidhmiúlachtaí breise a thairiscint ina gcomhéadan grafach úsáideora.
- (2) Baintear úsáid go forleathan as scarbhileoga digiteacha san earnáil mhuirí. Is cuidiú iad ag dearbhóirí i dtaca le sonraí a chur isteach de láimh agus i dtaca lena n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Chun a áirithiú gur féidir leis na dearbhóirí teimpléid scarbhileoige a athúsáid in ionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta éagsúla, ba cheart saintréithe na scarbhileoige a chomhchuihbhiú, agus ba cheart don Choimisiún na leaganacha de na scarbhileoga a bhainistiú go lárnach. Thairis sin, aon uair atá teimpléid scarbhileoige i gcomhlíontacht le saintréithe comhchuibhite agus ceanglais thacar sonraí EMSWe, ba cheart glacadh a bheith leo i ngach comhéadan grafach úsáideora, gan beann ar an teanga a úsáidtear.
- (3) Sonraíochtaí teicniúla i dtaca le hamanna teachta agus imeachta long a chur ar fáil, ba cheart cumarsáid “úsáideoir go córas” agus cumarsáid “córas go córas” a bheith cumhdaithe leis na sonraíochtaí sin. Cuirfidh sé sin ar chumas na n-úsáideoirí, cibé áit ar feadh an tslabhra lóistíochta a bhfuil siad, tairbhe a bhaint as amanna teachta agus imeachta long (arna gcur ar fáil don phobal i bhformáid leictreonach) agus an comhchuihbhiú a ráthú ar leibhéal an Aontais.
- (4) Ba cheart struchtúr coiteann do na suíomhanna gréasáin tacaíochta a shainiú, lena n-áirítear a fheidhmiúlachtaí. Áiritheofar leis sin go mbeidh an t-eispéireas úsáideora mar a chéile i ngach ionad ilfhreastail mhuirí náisiúnta. Cuideoidh an struchtúr coiteann sin freisin an tacaíocht agus an fhaisnéis iomchuí a chur ar fáil maidir leis na próisis agus na ceanglais theicniúla le haghaidh na n-ionad ilfhreastail mhuirí náisiúnta agus a gcomhéadan.

⁽¹⁾ IO L 198, 25.7.2019, lch. 64.

- (5) I seoltaí idirlín na n-ionad ilfhreastail muirí náisiúnta ba cheart úsáid a bhaint as formáid choiteann d'fhearainn agus d'fhofhearainn a bheidh slán i bhfad na haimsire chun cuidiú leis an húsáideoirí nascleanúint a dhéanamh, agus lena linn sin ba cheart na seoltaí idirlín atá ann cheana agus a úsáidtear sna Ballstáit a chur san áireamh. Chun éascaíocht a dhéanamh d'inrochtaineacht na n-ionad ilfhreastail muirí náisiúnta, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, liosta de sheoltaí idirlín a bhunú agus a chothabháil.
- (6) Chun feidhmiú cuí agus infhaighteacht phras bhunachar sonraí long EMSWe, an bhunachair sonraí suíomhanna choitinn agus an bhunachair sonraí chomhchoitinn um ábhair ghuaiseacha a áirithiú, ba cheart bearta slándála córais agus íoscheanglais feidhmíochta córais a leagan amach.
- (7) Chun a áirithiú gur féidir faisnéis agus sonraí sainaitheanta long a bhailiú, a stóráil, a nuashonrú agus a chur ar fáil go tapa, ba cheart bunachar sonraí long EMSWe a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh leis na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta, trí chumarsáid "córas go córas" agus trí chumarsáid "úsáideoir go córas". Aon athruithe a dhéantar ar fhaisnéis agus sonraí sainaitheanta long, bunaithe ar na sonraí arna gcur isteach ag na dearbhóirí chuig ionad ilfhreastail muirí náisiúnta, ba cheart iad a léiriú i mbunachar sonraí long EMSWe.
- (8) Is iad na húdaráis ábhartha a eisióinn díolúintí tuairiscithe long agus ní iarrtar ar dhearbhoirí iad le linn cuaird ar chalafoirt. Ós rud é go bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin sa chóras SafeSeaNet ^(?), ba cheart bunachar sonraí long EMSWe a bheith in ann nascadh leis, an fhaisnéis sin a aisghabháil go huathoibríoch, agus í a chur ar fáil do na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta.
- (9) Chun a áirithiú gur féidir cóid suímh agus cóid saoráide calafoirt a bhailiú, a stóráil, a nuashonrú agus a chur ar fáil go tapa, ba cheart an bunachar sonraí suíomhanna coiteann a bheith in ann faisnéis a sheoladh chuig na hionad ilfhreastail mhuirí náisiúnta, trí chumarsáid "córas go córas" agus trí chumarsáid "úsáideoir go córas". Ba cheart an bunachar sonraí suíomhanna coiteann a bheith sioncrónaithe le foinsí faisnéise ábhartha eile.
- (10) Chun a áirithiú gur féidir faisnéis thagartha um ábhair ghuaiseacha a bhailiú, a stóráil, a nuashonrú agus a chur ar fáil go tapa, ba cheart an bunachar sonraí comhchoiteann um ábhair ghuaiseacha a bheith in ann faisnéis a sheoladh chuig na hionad ilfhreastail mhuirí náisiúnta, trí chumarsáid "córas go córas" agus trí chumarsáid "úsáideoir go córas". Ba cheart an bunachar sonraí comhchoiteann um ábhair ghuaiseacha a bheith sioncrónaithe le foinsí faisnéise ábhartha eile, lena n-áirítear bunachar sonraí MAR-CIS ^(?) arb í an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí a d'fhorbair é.
- (11) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí cúnaimh a thabhairt don Choimisiún bunachar sonraí long EMSWe, an bunachar sonraí suíomhanna coiteann agus an bunachar sonraí comhchoiteann um ábhair ghuaiseacha a chur ar bun, i bhfianaise na sineirgí atá ann leis na bunachair sonraí atá ann cheana faoi bhainistiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí agus i bhfianaise an chuspóra atá aici rannchuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán an mhuirompair mar a shainítear i Rialachán (CE) 1406/2002 ⁽⁴⁾.
- (12) Leis an Rialachán maidir le córas Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun liosta d'fhaisnéis ábhartha a leagan síos sa dearbhú iontrála achomair dá dtagraítear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ⁽⁵⁾ atá le cur ar fáil do na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta. Ós rud é go bhfuil an Rialachán maidir le córas Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh teoranta go sonrath don réimse muirí, is é ar cheart a mheas mar nithe ábhartha na dearbhuithe iontrála achomair a shainítear i gcolúin F10, F11, F12 agus F13 d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ arna dtaisceadh ag muirompróirí nó ag a n-ionadaithe ar leibhéal cheanntásc an dearbhaithe agus ar leibhéal na príomhchoinsíneachta, lena n-áirítear faisnéis maidir le mír earraí príomhchoinsíneachta, agus na nithe sin amháin. Ciallaíonn sé sin nár cheart a mheas mar nithe ábhartha aon dearbhuithe iontrála achomair arna dtaisceadh ag gníomhaithe seachas iad siúd a luaitear thuas ná faisnéis ar leibhéal na coinsíneachta tí.

^(?) <https://www.emsa.europa.eu/ssn-main.html>

⁽²⁾ <https://www.emsa.europa.eu/mar-ice-network/mar-cis-infosheets.html>

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

- (13) Maidir le faisnéis sa dearbhú iontrála achomair atá le cur ar fáil do na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta, níor cheart an fhaisnéis sin a theacht ach ó na doiciméid tráchtála agus iompair, arna n-eisiúint ag an muiriompróir, a fhéadfar a iarraidh i dtaca le hoibleagáidí tuairiscithe eile i ndáil leis an gcuaird chalafoirt sin. Chun idir-inoibritheacht na sonraí a mhalartaítear a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis sin a mhapáil ar na heilimintí sonraí i dtacar sonraí EMSWe dá bhforáiltear faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1239.
- (14) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2019/1239 ón 15 Lúnasa 2025 ar aghaidh, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1239. Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe seo a leanas:

- ciallaíonn “foirmiúlacht” tacar comhleanúnach eilimintí sonraí nach mór don dearbhóir a thuairisciú don ionad ilfhreastail muirí náisiúnta chun oibleagáidí tuairiscithe amháin nó níos mó a chomhlíonadh;
- ciallaíonn “deasc úsáideora” achar i gcomhéadan grafach úsáideora an ionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta ar gá do dhuine nádúrtha fíordheimhniú a dhéanamh ann trí dhintúir logála isteach a iontráil;
- ciallaíonn “scarbhileog” doiciméad leictreonach ina n-eagraítear sonraí i rónna agus i gcolúin agus ar féidir é a ionramháil agus a úsáid chun ríomhanna a dhéanamh;
- ciallaíonn “comhad scarbhileoige” comhad leictreonach ina bhfuil scarbhileog amháin nó níos mó;
- ciallaíonn “cill sonraí” cill ina bhfuil ró agus colún i scarbhileog ag trasnú a chéile agus ag a bhfuil seoladh uathúil, déanta de litir an cholúin agus d’uimhir an ró, chun sonraí a ionchur;
- ciallaíonn “taifead loinge” bailiúchán d’eilimintí sonraí faoi long áirithe a stóráiltear i mbunachar sonraí long EMSWe.

Airteagal 2

Forálacha maidir leis na comhéadain chomhchuibhithe

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo feidhmiúlachtaí coiteanna an chomhéadain ghrafaigh úsáideora agus ábhar na dteimpléad scarbhileoige digití comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/1239.

Airteagal 3

Forálacha maidir leis na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo na sonraíochtaí teicniúla i dtaca le cur ar fáil amanna teachta agus imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(10) de Rialachán (AE) 2019/1239.

Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo an struchtúr comhchuibhithe le haghaidh an tsuímh gréasáin tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5(10) de Rialachán (AE) 2019/1239.

Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo an fhormáid aonfhoirmeach le haghaidh seoltaí idirlín dá dtagraítear in Airteagal 5(10) de Rialachán (AE) 2019/1239.

Airteagal 4

Seirbhísí coiteanna eile

Leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo na sonraíochtaí teicniúla, na caighdeáin agus na nósanna imeachta le haghaidh bhunú bhunachar sonraí long EMSWe dá dtagraítear in Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2019/1239 i ndáil le bailiú, stóráil, nuashonrú agus soláthar faisnéise agus sonraí sainaitheanta long, chomh maith le taifid ar dhíolúintí tuairiscithe long.

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo na sonraíochtaí teicniúla, na caighdeáin agus na nósanna imeachta le haghaidh bhunú an bhunachair sonraí suíomhanna choitinn dá dtagraítear in Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1239 i ndáil le bailiú, stóráil, nuashonrú agus soláthar na gcód suímh agus na gcód saoráide calafoirt.

Leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo na sonraíochtaí teicniúla, na caighdeáin agus na nósanna imeachta le haghaidh bhunú an bhunachair sonraí chomhchoitinn um ábhair ghuaiseacha dá dtagraítear in Airteagal 16(6) de Rialachán (AE) 2019/1239 i ndáil le bailiú, stóráil agus soláthar faisnéise tagartha um ábhair ghuaiseacha.

Airteagal 5

Liosta na faisnéise ábhartha sa dearbhú iontrála achomair

An fhaisnéis maidir leis an dearbhú iontrála achomair a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo, tá sí teoranta do shonraí an dearbhaithe iontrála achomair a shainítear i gcolúin F10, F11, F12 agus F13 d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/2446 ar leibhéal cheanntásc an dearbhaithe agus ar leibhéal na príomhchoinsíneachta, lena n-áirítear faisnéis maidir le mír earraí príomhchoinsíneachta, a thaisceann an muirompróir nó a ionadaí go díreach. Maidir leis an gcuid eile den dearbhú iontrála achomair, ní chuirfear an chuid sin ar fáil don ionad ilfhreastail muiir náisiúnta.

Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo liosta na faisnéise ábhartha sa dearbhú iontrála achomair dá dtagraítear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nach mór a chur ar fáil don ionad ilfhreastail muiirí náisiúnta de réir Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2019/1239.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Lúnasa 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FEIDHMIÚLACHTAÍ COITEANNA AN CHOMHÉADAIN GHRAFAIGH ÚSÁIDEORA AGUS ÁBHAR
THEIMPLÉID NA SCARBHILEOG DIGITEACH COMHCHUIBHITHE

Soláthrófar “leathanach lamairne” agus “deasc úsáideora” i gcomhédan grafach úsáideora an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta.

Beidh fáil go poiblí ar an leathanach “lamairne” agus cuimseofar an méid seo a leanas ann:

- faisnéis faoin Ionad Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta;
 - nasc chuig an suíomh gréasáin tacaíochta ar líne agus chuig amanna teachta agus amanna imeachta na long, idir amanna measta agus amanna iarbhrí;
 - roinn logáil isteach i gcomhair fíordheimhniú úsáideora i dtaca le rochtain ar an “deasc úsáideora”.

Ach fíordheimhniú a bheith déanta mar ba cheart, cuirfear an “deasc úsáideora” ar fáil do na dearbhóirí agus na feidhmiúlachtaí coiteanna seo a leanas ann:

Liosta de na longa

Leis an bhfeidhmiúlacht seo, féadfar na nithe seo a leanas a bhreathnú:

- liosta de longa nuair a bheidh cuaird chalafóirt nua á cruthú;
- faisnéis agus sonraí sainaitheanta long, lena n-áirítear díolúintí tuairiscithe long, nach mór iad a bheith le fáil ó Bhunachar Sonraí Long EMSWe nó, de mhalairt air sin, ó bhunachar sonraí ábhartha eile.

Soláthrófar scagaire ionas go bhféadfar cuardach a dhéanamh sa liosta de réir na gcritéar seo a leanas:

- Uimhir IMO na loinge,
- Glaochomhartha na loinge,
- Uimhir aitheantais na seirbhíse mhuirí soghluaiste,
- Ainm na loinge.

Liosta de na cuarda calafóirt

Beidh rochtain ar an liosta de na cuarda calafóirt ar feadh tréimhse áirithe mar a shonraítear sna rialacha náisiúnta maidir le coinneáil sonraí. Beidh rochtain ar an bhfaisnéis seo a leanas, ar a laghad: an calafort cuarda, mír sainaitheantais na cuarda, sainaitheantas na loinge, agus am teachta agus am imeachta na loinge, idir am measta agus am iarbhrí. Soláthrófar scagaire lena bhféadfar cuardach a dhéanamh sa liosta de réir na gcritéar sin.

Forléargas ar an gcuaird ar chalafort

Beidh, faoin gcuaird ar chalafort a roghnaítear, an fhaisnéis maidir le stádas na bhfoirmiúlachtaí agus na bhfreagairtí ó na húdaráis a bhaineann leis an gcuaird chalafóirt lena n-áirítear an tsamhail imréitigh (imréiteach córasach nó tostach) a chuir an tIonad Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta i bhfeidhm.

Cuaird ar chalafort a chruthú

Leis an bhfeidhmiúlacht seo, féadfar cuaird ar chalafort a chruthú trí long a roghnú ón bhfeidhmiúlacht “liosta de na longa” nó trí fhaisnéis a chur isteach de láimh, eadhon an fhaisnéis maidir le sainaitheantais na loinge agus an calafort cuarda a fhaightear ón bhfaisnéis arna haisghabháil ag an ionad ilfhreastail mhuirí náisiúnta ón mBunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann. Nuair a chruthófar cuaird ar chalafort, soláthrófar Mír Sainaitheantais Cuarda a bheidh nasctha leis an long a roghnaíodh agus leis an gcalafort cuarda.

Foirmiúlacht nua a sholáthar

Leis an bhfeidhmiúlacht seo, beidh an dearbhóir in ann foirmiúlacht nua a sholáthar maidir leis an gcuaird ar chalafort a roghnaigh sé ó liosta na gcuarda calafóirt.

I gcás ina leagtar de cheanglas faisnéis nó sonraí sainaitheanta loinge nó taifid maidir le díolúintí tuairiscithe loinge i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe, soláthróidh an tIonad Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta an fhaisnéis ábhartha ó Bhunachar Sonraí Long EMSWe, sin nó ó bhunachar sonraí ábhartha eile, sa chomhédan grafach úsáideora trí na réimsí ábhartha a réamhlíonadh.

I gcás ina leagtar de cheanglas cód suímh nó cód saoráide calafoirt a chur ar fáil i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe, soláthróidh an tIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta an fhaisnéis ábhartha ón mBunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann sa chomhéadan grafach úsáideora.

I gcás ina leagtar de cheanglas faisnéis maidir le hearraí contúirteacha agus truaillithe a chur ar fáil i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe, cuirfidh an tIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta an fhaisnéis ábhartha ón mBunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha ar fáil sa chomhéadan grafach úsáideora, ar na bealaí seo a leanas:

- an fhaisnéis maidir le hearraí contúirteacha agus truaillithe a réamhlíonadh ar bhonn na huimhreach NA nó na tagartha téacsúla a d'iontráil an dearbhóir i leith mír earraí contúirteacha agus truaillithe;
- liosta de na hearraí contúirteacha agus truaillithe a sholáthar ar bhonn an mhodha tarlaithe agus an chineáil táirge a d'iontráil an dearbhóir.

Faisnéis a uaslódáil ó scarbhileoga

Agus foirmiúlacht amháin nó níos mó á sholáthar nó á nuashonrú, beidh na dearbhóirí in ann faisnéis a uaslódáil ó scarbhileoga digiteacha.

Áiritheoidh an tIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta go bhfuil an leagan den teimpléad scarbhileoige i gcomhlíontacht leis an leagan is déanaí atá ar fáil nó, le linn idirthréimhse ina n-eisítear leagan nua de na teimpléid, le ceann amháin den dá leagan as a chéile is déanaí de na teimpléid scarbhileoige. Mar thoradh air sin, déantar leagan de na teimpléid a chéimniú amach ag dáta deiridh na hidirthréimhse.

Nuair a bheidh an comhad scarbhileoige uaslódáilte aige, seiceálfaidh an tIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta go gcomhlíonann formáid, bunuimhreach agus rialacha gnó na n-eilimintí sonraí na rialacha sin a shainítear i dtacar sonraí EMSWe.

Más rud é nach bhfuil scarbhileog i gcomhréir leis na rialacha maidir le leaganacha nó le ceanglais thacar sonraí EMSWe, diúltóidh an tIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta an fhaisnéis sa scarbhileog agus soláthróidh sé teachtaireacht earráide ina mbeidh léiriú soiléir ar na cúiseanna a bhí leis an teip ón tseiceáil.

Ach a mbeidh seiceálacha an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta arna bpsáil, cuirfear na heilimintí sonraí a bhaintear as an scarbhileog in ionad na n-eilimintí sonraí a líonadh isteach roimhe sin sa chomhéadan grafach úsáideora. Roimh chéim an tÍolachta, soláthrófar, sa chomhéadan grafach úsáideora, deis an fhaisnéis a baineadh as an scarbhileog sin a léamh, a athbhreithniú agus a cheartú.

Foirmiúlachtaí atá ann cheana a athúsáid

Agus foirmiúlachtaí nua á n-ullmhú le haghaidh cuaird ar chalafort, beidh an dearbhóir in ann athúsáid a dhéanamh d'ábhar na bhfoirmiúlachtaí atá ar fáil cheana agus a bhaineann leis an long chéanna, a chuir siad faoi bhráid an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta chéanna roimhe sin.

Dréachtfoirmiúlachtaí a shábháil

Beidh na dearbhóirí in ann dréachtfoirmiúlachtaí a shábháil sula dtíolacfaidh siad iad.

Foirmiúlachtaí a thíolacadh

Beidh na dearbhóirí in ann foirmiúlachtaí a thíolacadh don Ionad Ilfhreastail muirí Náisiúnta. Nuair a bheidh an fhaisnéis curtha isteach, taispeánfaidh an t-ionad ilfhreastail muirí náisiúnta torthaí na seiceálacha séimeantacha a rinneadh ar leibhéal an Bhallstáit.

Foirmiúlachtaí a bhainistiú

Leis an bhfeidhmiúlacht seo, beidh na dearbhóirí in ann breathnú ar na foirmiúlachtaí nó na dréachtfoirmiúlachtaí a chuir siad isteach roimhe sin agus iad a nuashonrú. Sa chás go gceadaítear sin dóibh, beidh siad in ann foirmiúlachtaí aonair a thíolaic siad a tharraingt siar nó a neamhbhailíochtú.

Na foirmiúlachtaí uile arna dtíolacadh trí mhodúl comhéadain an tuairiscithe chomhchuibhithe, beidh siad ar fáil freisin sa chomhéadan grafach úsáideora. Taispeánfar, sa chomhéadan grafach úsáideora, faisnéis faoi na foirmiúlachtaí sin go léir (an dáta agus an t-am a tíolacadh iad), lena n-áirítear na freagraí ó na húdaráis.

Cuaird ar chalafoirt a chur ar ceal

Beidh na dearbhóirí in ann cuaird chalafoirt a chruthaigh siad roimhe sin a chur ar ceal agus na foirmiúlachtaí a chuir siad isteach roimhe sin a bhain leis an gcuaird chalafoirt sin a tharraingt siar nó a neamhbhailíochtú.

Cumrú na socrúithe pearsanta

Beidh na dearbhóirí in ann cumrú a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta bhreise a shocraítear ar an leibhéal náisiúnta agus nach bhfuil á bainistiú ag clárann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana EMSWe.

I gcomhéadan grafach úsáideora an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta, tabharfar an rogha do na dearbhóirí an leagan teanga den chomhéadan grafach úsáideora a athrú. Tabharfar tacaíocht i gcónaí don Bhéarla.

Féadfaidh na Ballstáit feidhmiúlachtaí breise a sholáthar ina gcomhéadan grafach úsáideora féin.

Ábhar na dteimpléad scarbhileoige

Déanfaidh an Coimisiún na cineálacha teimpléad scarbhileoige seo a leanas a fhorbairt agus a chur ar fáil:

- Fógra roimh theacht,
- Fógra roimh imeacht,
- Fógra roimh theacht le haghaidh longa atá faoi réir cigireacht mhéadaithe,
- Fógra slándála,
- Fógra dramhaíola,
- Admháil seachadta dramhaíola,
- Liosta criú agus maoin an chriú,
- Liosta na bpaisinéirí,
- Stóras na loinge,
- Dearbhú lasta ginearálta,
- Earraí contúirteacha agus truaillithe,
- Dearbhú sláinte muirí,
- Cúrsa taistil loinge cúrsála,
- Faisnéis bhuncair.

Comhlíonfaidh na teimpléid scarbhileoige ainmneacha, formáidí agus rialacha gnó eilimintí thacar sonraí EMSWe.

Cuirfear tacar de theimpléid scarbhileoige ar fáil le chéile agus sannfar uimhir leagain dó a thabharfar sa scarbhileog. Comhfhreagraíonn gach leagan den tacar de theimpléid scarbhileoige do leagan de thacar sonraí EMSWe.

Beidh gach cill sonraí nó gach grúpa ceall sonraí bainteach le heilimint de thacar sonraí EMSWe agus sainaithneofar iad le cód, formáid agus ainm (lipéad) i mBéarla. Féadfaidh na Ballstáit na teimpléid scarbhileoige a aistriú le lipéid i dteangacha eile seachas an Béarla. Ní athrófar luachanna sna cealla nach bhfuil deartha le haghaidh ionchuir.

Sna teimpléid scarbhileoige, beidh rialú sonraí bunúsach ann ar luachanna na gceall sonraí. Leis an teimpléad scarbhileoige beifear in ann ábhar a chóipeáil agus a ghreamú as na cealla sonraí agus isteach iontu.

Aon uair a bheidh luach ó liosta cód ag teastáil sa chill sonraí, beifear in ann an luach sin a roghnú ó liosta anuas, i gcás inarb ábhartha.

Aon uair a bheidh eilimintí sonraí le tuairisciú in uimhir iolra de thaifid, tabharfar uimhir sheichimh gach taifid sa chéad cholún.

I ngach teimpléad scarbhileoige, beidh tásca ar an gcineál.

Is i bhformáid chomhaid XML Oscailte Office (síneadh "XLSX") a dhéanfar an t-ionchódú ar fhoráid an chomhaid scarbhileoige. Ní bheidh sa chomhad scarbhileoige ach gnéithe a bhfuil tacaíocht ar fáil lena n-aghaidh ó shonraíochtaí oifigiúla XML Oscailte Office. Ní bheidh aon script ná aon chód inrite sa chomhad scarbhileoige.

I gcomhéadan grafach úsáideora an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta, tabharfar an deis, i dtaca le gach scarbhileog is gá, an tuairisciú ar na scarbhileoga sin a dhéanamh i gcomhad scarbhileoige amháin, sin nó an tuairisciú a dhéanamh ar scarbhileog aonair in aghaidh gach comhaid scarbhileoige.

IARSCRÍBHINN II

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA MAIDIR LE HAMANNA TEACHTA AGUS IMEACHTA A CHUR AR FÁIL GO POIBLÍ

1. Ceanglais maidir leis an gcomhéadan

Cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí amanna teachta agus imeachta long, idir amanna measta agus amanna iarbhír, i suíomh gréasáin ar féidir rochtain a fháil air ó leathanach lamairne an chomhéadain ghrafaigh úsáideora atá ag a nIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta, i bhformáid inléite agus freisin i bhformáid “córas go córas”.

2. An tacar sonraí a bheith ar fáil go poiblí

Cuimseofar le hamanna teachta agus imeachta long na catagóirí seo a leanas agus an tacar íosta seo a leanas d'eilimintí sonraí:

Catagóir	Faisnéis atá le soláthar
Faisnéis faoin soitheach	Uimhir IMO na loinge Ainm na loinge
Faisnéis faoin turas	An calafort cuarda, códaithe Dáta agus am an teachta – arna mheas san am áitiúil Dáta agus am an imeachta – arna mheas san am áitiúil
Mionsonraí an Fhógra Teachta	Dáta agus am an teachta – arna thaifeadadh iarbhír san am áitiúil
Mionsonraí an Fhógra Imeachta	Dáta agus am an imeachta – arna thaifeadadh iarbhír san am áitiúil
Stádas na cuarda calafoirt	Stádas na cuarda ar an gcalafort (maille le luachanna: Ionchas go dtiocfaidh, Tagtha, Imithe, Cealaithe)

Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a sholáthar a bheidh de réir thacar íosta na n-eilimintí sonraí a liostaítear thuas Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis ar fáil go fóill, féadfar an réimse sonraí comhfhreagrach a fhágáil gan líonadh.

Cinnfidh na Ballstáit an tréimhse ina mbeidh fáil go poiblí ar an bhfaisnéis maidir le hamanna teachta agus imeachta na long.

Féadfaidh na Ballstáit ráiteas séanta a chur leis na hamanna teachta agus imeachta a fhoilsítear, chun soiléiriú a dhéanamh i ndáil le foinse, tráthúlacht nó cuspóir na sonraí ama atá ar fáil maidir leis na longa, idir amanna measta agus amanna iarbhír.

De réir Airteagal 5(8) de Rialachán (AE) 2019/1239, i dtaca leis na forálacha maidir leis an tacar sonraí atá le cur ar fáil go poiblí, níl feidhm ag na forálacha sin maidir le longa a bhfuil lasta íogair leo.

3. Sonraíochtaí le haghaidh idirghníomhaíocht idir an t-úsáideoir agus an córas

Ar shuíomh gréasáin amanna teachta agus imeachta na long, cuimsítear na heilimintí sonraí agus soláthraítear na feidhmiúlachtaí seo a leanas:

3.1. Feidhm chuardaigh

Beidh fáil ar inneall cuardaigh agus beidh na scagairí seo a leanas san inneall sin chun cúngú a dhéanamh ar na torthaí a léirítear:

- Calafort cuarda – an calafort a roghnú ó liosta réamhshainithe nó an calafort a iontráil sa réimse ionchuir;
- Raon Ama Dáta – le roghnú as raon d'amanna dáta;
- Ainm na loinge – le hiontráil i réimse ionchuir;
- Uimhir IMO na loinge – le hiontráil i réimse ionchuir;
- Stádas na cuarda calafoirt – le roghnú ó liosta de luachanna réamhshainithe.

Féadfaidh na Ballstáit scagairí breise a chur san inneall cuardaigh, más é sin is rogha leo.

3.2. *Sórtáil na gcolún*

Maidir leis na liostaí teachtaí agus imeachtaí, beidh fáil ar fheidhmiúlacht sórtála colúin in aghaidh gach eiliminte sonraí a shainítear i bpointe 2. Maidir leis an tsórtáil, beidh fáil ar an am aibítire agus ar an am dáta in ord ardaitheach agus in ord íslitheach. Mar réamhshocrú, beidh na liostaí curtha in ord de réir am teachta nó imeachta in ord ardaitheach (am measta nó am iarbhír — an ceann acu sin arb é an ceann reatha é).

4. **Idirghníomhaíocht “córas go córas”**

Bunófar an idirghníomhaíocht “córas go córas” ar API gréasáin HTTP RESTful ag a mbeidh pá-lasta arna fhormaidíú i bhformáid JSON.

5. **Ceanglais nach mbaineann le feidhm**

5.1. *Dearadh gréasáin*

I gcás leathanaigh ghréasáin amanna teachta agus imeachta atá ar fáil go poiblí, beidh siad ar dhóigh go bhféadfar a leagan amach agus a gcuma a oiriúnú chun oiriúint do mhéideanna scáileáin agus d’amharcphoirt éagsúla. Aon uair a úsáidfead brabhsálaí neamh-chomhoiriúnach, taispeánfar teachtaireacht a rá “nach bhfuil tacaíocht á tabhairt”.

5.2. *Teangacha*

Cuirfead amanna teachta agus imeachta na long ar fáil go poiblí sna teangacha a úsáidtear i gcomhéadan grafach úsáideora an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta.

IARSCRÍBHINN III

STRUCHTÚR COMHCHUIBHITHE LE HAGHAIDH SHUÍOMH GRÉASÁIN TACAÍOCHTA AN IONAIID ILFHREASTAIL MHUIRÍ NÁISIÚNTA

1. Feidhmiúlachtaí coiteanna an tsuímh gréasáin tacaíochta ar líne

Beidh an tacar feidhmiúlachtaí coiteanna seo a leanas ag suíomh gréasáin tacaíochta ar líne an Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta:

1.1. An rogha teanga

Beidh na húsáideoirí in ann an teanga a athrú ar aon leathanach i gcrannmhapa an tsuímh gréasáin tacaíochta. Beidh fáil ar gach ábhar, seachas tagairtí do dhlíthe náisiúnta agus réigiúnacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe agus faisnéis eile ó fhoinsí seachtracha, chun go mbeidh an t-úsáideoir in ann an teanga a roghnú.

1.2. Feidhm chuardaigh

Beidh feidhm chuardaigh sa suíomh gréasáin tacaíochta chun cuardach a dhéanamh ar aon fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ar an suíomh gréasáin tacaíochta.

2. Struchtúr faisnéise an tsuímh gréasáin tacaíochta ar líne

Ar shuíomh gréasáin tacaíochta an Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta, soláthrófar faisnéis maidir le húsáid an Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta. Déanfar an fhaisnéis sin a ghrúpáil de réir an struchtúir seo a leanas:

Príomhleathanach an tsuímh gréasáin tacaíochta: beidh faisnéis ann, i modh réamhfhocail, maidir leis an Ionad Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta agus roghchlár ina mbeidh naisc chuig na ranna seo a leanas:

Treoir maidir le húsáid Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta(IIMN): soláthrófar sa roinn seo treoracha agus treoraíocht maidir leis na bealaí tuairiscithe atá ar fáil i gcomhair cuaird ar chalafoirt, lena n-áirítear an treoraíocht úsáide seo a leanas:

- Úsáid an Chomhéadain Ghrafaigh Úsáideora, lena n-áirítear coinníollacha úsáide (faisnéis faoin bpróiseas clárúcháin), lámhleabhair agus naisc chuig foinsí faisnéise ábhartha eile agus scarbhileoga digiteacha comhchuibhithe agus míniú ar a n-úsáid;
- Úsáid an Mhodúil Comhéadain Tuairiscithe, lena n-áirítear coinníollacha úsáide (faisnéis faoin bpróiseas clárúcháin), faisnéis neamhíogair faoi theachtaireachtaí riachtanacha agus, ar a laghad, faisnéis faoin áit ar féidir tuilleadh mionsonraí a fháil faoi phróisis lena seoltar teachtaireachtaí;
- Úsáid bealaí tuairiscithe eile — lena n-áirítear treoraíocht agus faisnéis maidir le bealaí tuairiscithe eile, más ann dá leithéidí, maidir leis na calafoirt ina bhfuil bealaí tuairiscithe eile ar fáil agus maidir le naisc chuig an bhfaisnéis ábhartha faoi na bealaí tuairiscithe – na córais faisnéise chalafoirt mar shampla.

Ceisteanna Coitianta: soláthrófar sa roinn seo faisnéis do na húsáideoirí maidir le seirbhísí nó le faisnéis ghnó nó maidir le conas cúnamh a fháil chun fabhtcheartú a dhéanamh ar shaincheisteanna aitheanta. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas sa roinn seo:

- Roinnfear na ceisteanna de réir réimsí téamacha;
- Tabharfar freagra ar gach ceist;
- I gcás inarb ábhartha, sna freagraí a thabharfar ar cheisteanna, cuimseofar naisc chuig ceisteanna gaolmhara eile, agus chuig acmhainní nó comhaid ghaolmhara.

Sonraí teagmhála na n-údarás: soláthrófar sa roinn seo sonraí teagmhála na n-údarás a bhfuil baint acu le próisis nó le tairseacha na gcuarda calafoirt, mar a leanas:

- Ainm an údaráis agus tuairisc ghairid ar a inniúlachtaí agus ar a fhreagrachtaí;
- Suíomh idirlín.

Teagmháil le deasc chabhrach IINM: Soláthrófar sa roinn seo faisnéis teagmhála phointe tacaíochta na deisce cabhrach náisiúnta ionas go mbeidh aon úsáideoir in ann cabhair a fháil, i bhfoirm seoltaí ríomhphoist, uimhreacha teileafóin nó foirme gréasáin.

Reachtaíocht náisiúnta ábhartha: Soláthrófar sa roinn seo tagairtí don reachtaíocht náisiúnta agus áitiúil ábhartha agus do cheanglais eile a bhaineann leis na hoibleagáidí tuairiscithe le linn cuarda calafoirt sa Bhallstát.

3. Inrochtaineacht

Beidh rochtain ag an bpobal, trí sheoladh idirlín ar leith de chuid an tsuímh, ar shuíomh gréasáin tacaíochta ar líne an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta. Beidh nasc chuig an seoladh idirlín sin ar leathanach lamairne chomhéadan grafach úsáideora an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta.

IARSCRÍBHINN IV

FORMÁID AONFHOIREMACH LE HAGHAIDH SEOLTAÍ IDIRLÍN

Beidh seoladh idirlín gach Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta comhdhéanta d'fhearann barrleibhéil tír-shonrach (ccTLD), d'fhearann dara leibhéal a bheidh srianta go náisiúnta {xyz} agus d'ainm fearainn tríú leibhéal comhchuibhithe "mnsw", rud a thabharfaidh an fhormáid aonfhoirmeach seo a leanas:

mnsw.{xyz}.{ccTLD}

Féadfar úsáideoirí a atreorú ó *mnsw.{xyz}.{ccTLD}* chuig seoltaí idirlín eile de chuid an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta trí bhíthin formáid nach ionann agus an fhormáid a shainítear san Iarscríbhinn seo.

Úsáideoirí a bheidh i mbun rochtain a fháil ar *mnsw.{xyz}.{ccTLD}* trí bhrabhsálaí gréasáin, déanfar iad a sheoladh trí nascleanúint chuig leathanach lamairne Chomhéadan Grafach Úsáideora an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta sin.

Úsáidfean an fhormáid seoltaí idirlín seo a leanas le haghaidh gach Modúl Comhéadain Tuairiscithe comhchuibhithe de chuid an Ionaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta:

rim.mnsw.{xyz}.{ccTLD}

Maidir leis an suíomh gréasáin tacaíochta ar líne dá dtagraítear in Iarscríbhinn III agus an suíomh gréasáin le haghaidh amanna teachta agus imeachta na long dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, úsáidfean an fhormáid seoltaí idirlín seo a leanas lena aghaidh:

Suíomh gréasáin tacaíochta ar líne: *mnsw.{xyz}.{ccTLD}/info*

Suíomh gréasáin amanna teachta agus imeachta na long: *mnsw.{xyz}.{ccTLD}/arrivals_departures*

IARSCRÍBHINN V

**SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA, CAIGHDEÁIN AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE hAGHAIDH BHUNÚ
BHUNACHAR SONRAÍ LONG EMSWE****1. Forléargas ar Bhunachar Sonraí Long EMSWe**

Feidhmeoidh Bunachar Sonraí Long EMSWe ar chaoi go mbeifear in ann na nithe seo a leanas a bhailiú, a stóráil, a nuashonrú agus a sholáthar:

- faisnéis agus sonraí sainaitheanta long, comhdhéanta d'eilimintí de thacar sonraí EMSWe a bhaineann le long agus atá statach nó atá faoi réir athruithe teoranta le himeacht ama;
- faisnéis faoi dhíolúintí tuairiscithe long arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus arna dtuairisciú i gCóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) dá dtagraítear i dTreoir 2002/59/CE.

Chun feidhmiú agus infhaighteacht chuí na faisnéise a áirithiú, urramóidh Bunachar Sonraí Long EMSWe na híoscheanglais maidir le feidhmíocht an chórais a liostaítear i bpointe 4 agus íosbhearta slándála an chórais a liostaítear i bpointe 5.

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an méid seo a leanas:

- áiritheoidh sé go mbunófar Bunachar Sonraí Long EMSWe, a chomhéadain, a sheirbhísí agus bainistíocht na n-úsáideoirí;
- áiritheoidh sé gur féidir leis na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta an nascadh a dhéanamh le Bunachar Sonraí Long EMSWe;
- comhordóidh sé cur i gcrích na dtástálacha coimisiúnaithe;
- áiritheoidh sé go gcuirtear doiciméadacht oibríochtúil agus theicniúil Bhunachar Sonraí Long EMSWe ar fáil do na Comhordaitheoirí Náisiúnta agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad.

2. Comhéadain agus seirbhísí Bhunachar Sonraí Long EMSWe

Chun faisnéis agus sonraí sainaitheanta long agus díolúintí tuairiscithe long a mhalartú, soláthróidh Bunachar Sonraí Long EMSWe comhéadan “córas go córas” agus comhéadan gréasáin a bhfuil tuairisc air i bpointí 2.1 agus 2.2.

Eiseoidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Comhordaitheoirí Náisiúnta, Treoir Comhéadain Córas lena saineofar teachtaireachtaí “córas go córas”, bearta coimisiúnaithe agus nósanna imeachta i gcomhair nascadh a dhéanamh le Bunachar Sonraí Long EMSWe, lena n-áirítear beartaí maidir le cearta rochtana úsáideoirí agus próiseas clárúcháin úsáideoirí.

2.1. Comhéadan “córas go córas”

- (1) Beidh fáil ar an gcomhéadan “córas go córas” ag na hIonaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta chun faisnéis a mhalartú ar bhealach uathoibríthe trí úsáid a bhaint as tacar de theachtaireachtaí réamhshainithe. Tacóidh an comhéadan “córas go córas” leis an tseirbhís fógartha agus leis an tseirbhís fógartha faisnéise long a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 2.1.1 agus 2.1.2.
- (2) Déanfaidh na Ballstáit nasc “córas go córas” a bhunú agus a chothabháil idir an tIonad Ilfhreastail muirí Náisiúnta agus Bunachar Sonraí Long EMSWe i gcomhréir leis an Treoir Comhéadain Córas.

2.1.1. Seirbhís fógartha

Bainfidh Bunachar Sonraí Long EMSWe úsáid as an tseirbhís fógartha chun na mionsonraí is déanaí, gach uair a mhodhnaítear (cruthú, nuashonrú nó scriosadh) faisnéis agus sonraí sainaitheanta long agus díolúintí tuairiscithe long, a dháileadh ar na hIonaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta a chláraigh leis an tseirbhís roimhe sin. Déanfar an liosta iomlán d'fhaisnéis agus sonraí sainaitheanta long agus de dhíolúintí tuairiscithe long a dháileadh ar an Ionad Ilfhreastail muirí Náisiúnta nuair a shuibscríobhfaidh sé leis an tseirbhís.

2.1.2. Seirbhís Fógartha Faisnéise Long

Úsáidfidh na hIonaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta an tseirbhís Fógartha Faisnéise Long chun faisnéis agus sonraí sainaitheanta long a sholáthar do Bhunachar Sonraí Long EMSWe ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag dearbhóirí agus na hoibleagáidí tuairiscithe á gcomhlíonadh acu.

De rogha ar an tSeirbhís Fógartha Faisnéise Long, féadfar faisnéis agus sonraí sainaitheanta long a sholáthar do Bhunachar Sonraí Long EMSWe trí SafeSeaNet, ar choinníoll go gceadaítear le SafeSeaNet faisnéis den sórt sin a mhalartú.

2.2. Comhéadan gréasáin

Beidh rochtain ag úsáideoirí údaraithe ar an gcomhéadan gréasáin chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ábhar Bunachar Sonraí Long EMSWe a bhreathnú;
- faisnéis faoi longa a íoslódáil agus é sin bunaithe ar chritéir éagsúla i bhformáidí éagsúla;

Tabharfar rochtain do na comhordaitheoirí náisiúnta ar chomhéadan gréasáin Bunachar Sonraí Long EMSWe arna iarraidh sin dóibh.

3. Nósanna imeachta um nuashonrú na faisnéise i mBunachar Sonraí Long EMSWe

Cloífead leis na nósanna imeachta seo a leanas:

Faisnéis agus sonraí sainaitheanta long

Le Bunachar Sonraí Long EMSWe, seiceálfar comhlíontacht na sonraí a fhaightear ó na hIonaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta de réir shainmhíneithe agus rialacha thacar sonraí EMSWe. Aon sonraí a bheidh neamhchomhlíontach, diúltófar iad i mBunachar Sonraí Long EMSWe agus seolfar fógra faoin earráid ar ais chuig an Ionad Ilfhreastail muirí Náisiúnta ábhartha.

Nuair a ghlactar le taifead loinge i mBunachar Sonraí Long EMSWe, déanfar faisnéis agus sonraí sainaitheanta na loinge, is é sin an fhaisnéis agus na sonraí comhfhreagracha atá ann cheana, a nuashonrú i mBunachar Sonraí Long EMSWe. Más rud é nach bhfuil aon taifead loinge comhfhreagrach ann, cruthóidh Bunachar Sonraí Long EMSWe taifead loinge nua. Is é sainaitheantóir a úsáidfead sa taifead loinge ná uimhir IMO na loinge nó, de mhalairt air sin, uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste agus an gIochomhartha. Más rud é nach gcuirtear na sainaitheantóirí ar fáil, tabharfaidh Bunachar Sonraí Long EMSWe neamhaird ar an bhfaisnéis a fuarthas agus seolfaidh sé teachtaireacht earráide chuig an Ionad Ilfhreastail muirí Náisiúnta ábhartha.

Déanfaidh Bunachar Sonraí Long EMSWe comparáid idir eilimintí sonraí d'fhaisnéis agus sonraí sainaitheanta loinge a fhaightear, ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, na heilimintí sonraí atá ann cheana sa taifead loinge comhfhreagrach i mBunachar Sonraí Long EMSWe. Déanfaidh Bunachar Sonraí Long EMSWe gach eilimint sonraí a nuashonrú, más eilimint í nach ionann an luach a fuarthas ina leith agus an luach a bhí i mBunachar Sonraí Long EMSWe. Eilimintí sonraí d'fhaisnéis agus sonraí sainaitheanta loinge nach bhfuarthas, coinneofar gan mhodhnú iad i mBunachar Sonraí Long EMSWe.

Féadfaidh faisnéis ó dhearbhoirí éagsúla a bheith i dtaifead loinge.

Faisnéis maidir le dhíolúintí tuairiscithe long

Aon nuashonruithe a thuairisceoidh na Ballstáit i ndáil leis an bhfaisnéis faoi dhíolúintí tuairiscithe long, déanfaidh Bunachar Sonraí Long EMSWe iad a aisghabháil ó SafeSeaNet.

4. Íoscheanglais maidir le feidhmíocht an chórais

Frámaí ama um Infhaighteacht Sonraí: Beidh tacaíocht ag Bunachar Sonraí Long EMSWe ó naisc agus líonraí cumarsáide sonraí lena mbeifear in ann faisnéis a aistriú idir an dá chóras laistigh de 1 nóiméad.

Frámaí ama um Stóráil Sonraí: Beidh fáil i mBunachar Sonraí Long EMSWe ar an liosta d'fhaisnéis agus sonraí sainaitheanta long agus de dhíolúintí tuairiscithe long agus ní bheidh aon teorainn ama leis an bhfáil sin.

Ceanglais maidir le hInfhaighteacht an Chórais: Déanfar Bunachar Sonraí Long EMSWe a choinneáil ag oibriú ar feadh 99 % den am, ar a laghad, thar thréimhse bliana, agus is é 12 uair an chloig an uastréimhse a cheadaítear é a bheith gan oibriú.

Tar éis tréimhse neamhfhónaimh, beidh sé indéanta faisnéis Bhunachar Sonraí Long EMSWe a athghabháil an méid is mó is féidir.

Cuirfear na Ballstáit ar an eolas i gcás cliseadh nó briseadh sceidealta.

5. Íosbhearta slándála an chórais

Sainaitheint: Cuirfear meicníocht iontaofa sainaitheanta chun feidhme chun úsáideoirí Bhunachar Sonraí Long EMSWe a shainaitheint le mír aitheantais uathúil úsáideora.

Fíordheimhniú: Is ar mhodhanna fíordheimhniúcháin aitheanta a bhunófar an próiseas fíordheimhniúcháin i gcomhair chomhéadan “córas go córas” Bhunachar Sonraí Long EMSWe trí shraith soicéad slán (SSL) déthroo a chur chun feidhme. Maidir le comhéadan úsáideora gréasáin, is le sraith dintiúr a dhéanfaidh na húsáideoirí an fíordheimhniú.

Údarú: Údarófar na húsáideoirí trí bhearta rialaithe rochtana a chur i bhfeidhm maidir le rochtain a fháil ar chomhéadain Bhunachar Sonraí Long EMSWe. Déanfar gach rochtain a thaifeadh. Déanfar na húdaruithe a athbhreithniú go tráthrialta.

Inrianaitheacht agus cuntasacht: Áiritheoidh Bunachar Sonraí Long EMSWe an neamhshéanadh maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag úsáideoirí trína chomhéadain. Chun na críche sin, déanfaidh Bunachar Sonraí Long EMSWe rianú agus taifeadh ar aon rochtain, ar aon teagmhas agus ar aon mhodhuithe a dhéantar ar na sonraí ann. Déanfar an t-aitheantas úsáideora, an stampa ama agus an ghníomhaíocht a dhéanfar a thaifeadh in aghaidh gach teagmhais.

Sláine: Déanfaidh Bunachar Sonraí Long EMSWe seiceálacha sláine chórais lena gcuirfear cosc ar theagmhais mhailíseacha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá fheidhmiúlachtaí.

IARSCRÍBHINN VI

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA, CAIGHDEÁIN AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH BHUNÚ AN BHUNACHAIR SONRAÍ SUÍOMHANNA CHOITINN

1. **Forléargas ar an mBunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann**

Feidhmeoidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann ar chaoi go mbeifear in ann na cineálacha cód suímh agus cód saoráide calafoirt seo a leanas a bhailiú, a stóráil, a nuashonrú agus a sholáthar:

- (a) Cód na Náisiún Aontaithe le haghaidh Suíomhanna Trádála agus Iompair (UN/LOCODE) ⁽¹⁾;
- (b) saoráidí calafoirt de chuid Chóras Comhtháite Domhanda le haghaidh Faisnéis i dtaca leis an Loingseoireacht (GSIS) na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO);
- (c) cóid a bhaineann go sonrach le SafeSeaNet.

Chun feidhmiú agus infhaighteacht chuí na faisnéise a áirithiú, urramóidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann na híoscheanglais maidir le feidhmíocht an chórais a liostaítear i bpointe 4 agus íobhearta slándála an chórais a liostaítear i bpointe 5.

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an méid seo a leanas:

- áiritheoidh sé go mbunófar an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann, a chomhéadain, a sheirbhísí agus bainistíocht na n-úsáideoirí;
- áiritheoidh sé gur féidir leis na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta an nascadh a dhéanamh leis an mBunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann;
- comhordóidh sé cur i gcrích na dtástálacha coimisiúnaithe;
- áiritheoidh sé go gcuirtear doiciméadacht oibríochtuil agus theicniúil an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn ar fáil do na Comhordaitheoirí Náisiúnta agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad.

2. **Comhéadain agus seirbhísí an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn**

Soláthróidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann cóid suímh agus cóid saoráide calafoirt trí chomhéadain “córas go córas” agus trí chomhéadain gréasáin a bhfuil tuairisc air i bpointí 2.1 agus 2.2.

Eiseoidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Comhordaitheoirí Náisiúnta, Treoir Comhéadain Córas lena saineofar teachtaireachtaí “córas go córas”, bearta coimisiúnaithe agus nósanna imeachta i gcomhair nascadh a dhéanamh leis an mBunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann, lena n-áirítear beartais maidir le cearta rochtana úsáideoirí agus próiseas clárúcháin úsáideoirí.

2.1. *Comhéadain “córas go córas”*

Beidh fáil ag na hIonaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta ar an gcomhéadain “córas go córas” chun faisnéis a sholáthar ar bhealach uathoibrithe trí úsáid a bhaint as tacar de theachtairreachtaí réamhshainithe. Cuirfidh an comhéadain “córas go córas” tacaíocht ar fáil don tseirbhís fógartha a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 2.1.1.

2.1.1. *Seirbhís fógartha*

Bainfidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann úsáid as an tseirbhís fógartha chun na mionsonraí is déanaí, gach uair a mhodhnaítear (cruthú, nuashonrú nó scriosadh) faisnéis faoi shuímh nó faoi shaoráidí calafoirt, a dháileadh ar na hIonaid Ilfhreastail mhuirí Náisiúnta a chláraigh leis an tseirbhís roimhe sin. Déanfar an liosta iomlán de na cóid suímh agus saoráide calafoirt a dháileadh ar an Ionad Ilfhreastail muirí Náisiúnta nuair a shuibscríobhfaidh sé leis an tseirbhís.

Comhéadain gréasáin

Beidh rochtain ag úsáideoirí údaraithe ar an gcomhéadain gréasáin chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ábhar an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn a bhreathnú;
- an liosta de chóid suímh agus saoráide calafoirt a íoslódáil agus é sin bunaithe ar chritéir éagsúla i bhformáidí éagsúla.

Tabharfar rochtain do na comhordaitheoirí náisiúnta ar chomhéadain gréasáin an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn arna iarraidh sin dóibh.

(1) <https://unece.org/trade/cefact/unlocode-code-list-country-and-territory>

3. Nósanna imeachta um nuashonrú na faisnéise sa Bhunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann

Déanfar an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann a nuashonrú trí é a shioncrónú leis na liostaí is déanaí de chóid suímh agus saoráide calafoirt, agus le linn sin a dhéanamh urramófar na nósanna imeachta seo a leanas, i leith na gcineálacha éagsúla cód:

Cód NA/LOCODE: déanfar an Bunachair Sonraí Suíomhanna Coiteann a shioncrónú le NA/LOCODE dhá uair sa bhliain ar a laghad. Cuirfear an liosta nuashonraithe de na cóid LOCODE ar fáil do na Ballstáit roimh ré i modh comhairliúcháin.

saoráidí calafoirt de chuid Chóras Comhtháite Domhanda le haghaidh Faisnéis i dtaca leis an Loingseoireacht (GSIS) na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO): déanfar nasc uathoibríoch a bhunú idir an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann agus GISIS IMO i gcomhréir leis an treoraíocht maidir le faisnéis a aistriú go leictreonach go modúl Slándála Muirí GISIS agus uaidh. Dhá uair sa lá, iarrfaidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann liosta de na athruithe arna ndéanamh i modúl Slándála Muirí GISIS IMO agus cuirfear san áireamh iad dá réir sa bhunachar sonraí.

Cóid a bhaineann go sonrach le SafeSeaNet: beidh an nuashonrú ar chóid shonracha SafeSeaNet le fáil sa Bhunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann díreach tar éis aon nuashonrú a dhéantar i mBunachar Sonraí Suíomhanna Lárnach SafeSeaNet.

4. Íoscheanglais maidir le feidhmíocht an chórais

Frámaí ama um Infhaighteacht Sonraí: Beidh tacaíocht ag an mBunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann ó naisc agus líonraí cumarsáide sonraí lena mbeifear in ann faisnéis a aistriú idir an dá chóras laistigh de 1 nóiméad.

Frámaí ama um Stóráil Sonraí: Beidh fáil sa Bhunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann ar na cóid suímh agus saoráide calafoirt ghníomhacha agus ní bheidh aon teorainn ama leis an bhfáil sin. Déanfar cóid suímh agus saoráide calafoirt dhíghníomhachaithe a airciú sa Bhunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Ceanglais maidir le hInfhaighteacht an Chórais: Déanfar an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann a choinneáil ag oibriú ar feadh 99 % den am, ar a laghad, thar thréimhse bliana, agus is é 12 uair an chloig an uastréimhse a cheadaítear é a bheith gan oibriú.

Tar éis tréimhse neamhfhónaimh, beidh sé indéanta faisnéis an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn a athghabháil an méid is mó is féidir.

Cuirfear na Ballstáit ar an eolas i gcás cliseadh nó briseadh sceidealta.

5. Íosbhearta slándála an chórais

Sainaitheint: Cuirfear meicníocht iontaofa sainaitheanta chun feidhme chun úsáideoirí an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn a shainaitheint le mír aitheantais uathúil úsáideora.

Fíordheimhniú: Is ar mhodhanna fíordheimhniúcháin aitheanta a bhunófar an próiseas fíordheimhniúcháin i gcomhair chomhéadan “córas go córas” an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn trí shraith soicéad slán (SSL) déthreo a chur chun feidhme. Maidir le comhéadan úsáideora gréasáin, is le sraith dintiúr a dhéanfaidh na húsáideoirí an fíordheimhniú.

Údarú: Údarófar na húsáideoirí trí bhearta rialaithe rochtana a chur i bhfeidhm maidir le rochtain a fháil ar chomhéadain an Bhunachair Sonraí Suíomhanna Choitinn. Déanfar gach rochtain a thairfeadh. Déanfar na húdaruithe a athbhreithniú go tráthrialta.

Inrianaitheacht agus cuntasacht: Áiritheoidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann an neamhshéanadh maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag úsáideoirí trína chomhéadain. Chun na críche sin, déanfaidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann rianú agus taifeadh ar aon rochtain, ar aon teagmhas agus ar aon mhodhnuithe a dhéantar ar a chuid sonraí. Déanfar an t-aitheantas úsáideora, an stampa ama agus an ghníomhaíocht a dhéanfar a thairfeadh in aghaidh gach teagmhais.

Sláine: Déanfaidh an Bunachar Sonraí Suíomhanna Coiteann seiceálacha sláine córais lena gcuirfear cosc ar theagmhais mhailíseacha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá fheidhmiúlachtaí.

IARSCRÍBHINN VII

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA, CAIGHDEÁIN AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE hAGHAIDH BHUNÚ AN BHUNACHAIR SONRAÍ CHOMHCHOITINN UM ÁBHAIR GHUAISEACHA**1. Forléargas ar an mBunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha**

Feidhmeoidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha ar chaoi go mbeifear in ann faisnéis maidir le hearraí contúirteacha agus truaillithe a eascraíonn as na coinbhinsiúin agus na comhaontuithe seo a leanas, lena n-áirítear leaganacha deonacha (i gcás inarb infheidhme), a bhailiú, a stóráil, a nuashonrú agus a sholáthar:

- An Cód Muirí Idirnáisiúnta um Earraí Contúirteacha (IMDG);
- An Cód Muirí Idirnáisiúnta um Bulclastaí Soladacha (IMSBC);
- An Cód Idirnáisiúnta um Thógáil agus Trealamh Long a Iompraíonn Gáis Leachtaithe i mBulc (IGC);
- An Cód Idirnáisiúnta um Dhéanamhas agus Trealamh Long a Iompraíonn Ceimiceáin Chontúirteacha i mBulc (IBC);
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL, Iarscríbhinn I);
- Comhaontuithe Tríthaobhacha (MEPC.2/Ciorclán).

Chun feidhmiú agus infhaighteacht chuí na faisnéise a áirithiú, urramóidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha na híoscheanglais maidir le feidhmíocht an chórais a liostaítear i bpointe 4 agus íosbhearta slándála an chórais a liostaítear i bpointe 5.

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an méid seo a leanas:

- áiritheoidh sé go mbunófar an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha, a chomhéadain, a sheirbhísí agus bainistíocht na n-úsáideoirí;
- áiritheoidh sé gur féidir leis na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta an nascadh a dhéanamh leis an mBunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha;
- comhordóidh sé cur i gcrích na dtástálacha coimisiúnaithe;
- áiritheoidh sé go gcuirtear doiciméadacht oibríochtúil agus theicniúil an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha ar fáil do na Comhordaitheoirí Náisiúnta agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad.

2. Comhéadain agus seirbhísí an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha

Soláthróidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha faisnéis faoi na hearraí contúirteacha agus truaillithe trí chomhéadain “córas go córas” agus trí chomhéadain gréasáin a bhfuil tuairisc air i bpointí 2.1 agus 2.2.

Eiseoidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Comhordaitheoirí Náisiúnta, Treoir Comhéadain Córas lena saineofar teachtaireachtaí “córas go córas”, bearta coimisiúnaithe agus nósanna imeachta i gcomhair nascadh a dhéanamh leis an mBunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha, lena n-áirítear beartais maidir le cearta rochtana úsáideoirí agus próiseas clárúcháin úsáideoirí.

2.1. Comhéadain “córas go córas”

Beidh an comhéadain “córas go córas” ar fáil do na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta chun faisnéis a mhalartú ar bhealach uathoibríthe trí úsáid a bhaint as tacar de theachtairreachtaí réamhshainithe. Cuirfidh an comhéadain “córas go córas” tacaíocht ar fáil don tseirbhís fógartha a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 2.1.1.

2.1.1. Seirbhís fógartha

Bainfidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha úsáid as an tseirbhís fógartha chun na mionsonraí is déanaí, gach uair a mhodhnaítear (cruthú, nuashonrú nó scriosadh) faisnéis faoi earraí contúirteacha agus truaillithe, a dháileadh ar na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta a chláraigh leis an tseirbhís roimhe sin. Déanfar an liosta iomlán d’fhaisnéis faoi earraí contúirteacha agus truaillithe a dháileadh ar an Ionad Ilfhreastail Muirí Náisiúnta nuair a shuibscríobhfaidh sé leis an tseirbhís.

2.2. Comhéadan gréasáin

Beidh rochtain ag úsáideoirí údaraithe ar an gcomhéadan gréasáin chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an liosta d'earraí contúirteacha agus truaillithe a bhreathnú;
- breathnú ar fhaisnéis ó bhunachar sonraí MAR-CIS maidir leis na guaiseacha agus na rioscaí gaolmhara a bhaineann le hearraí contúirteacha agus truaillithe;
- an liosta d'earraí contúirteacha agus truaillithe a íoslódáil agus é sin bunaithe ar chritéir éagsúla i bhformáidí éagsúla.

Tabharfar rochtain do na comhordaitheoirí náisiúnta ar chomhéadan gréasáin an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha arna iarraidh sin dóibh.

3. Nósanna imeachta um nuashonrú na faisnéise sa Bhunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha

Déanfar an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha a nuashonrú trí é a shioncrónú leis an méid seo a leanas:

- an leagan is déanaí de Chóid agus de Choinbhinsiúin IMO (IMDG, IMSBC, CIR, IBC agus MARPOL, Iarscríbhinn I) atá ar fáil in Rulecheck ⁽¹⁾;
- an liosta is déanaí a foilsíodh de na Comhaontuithe Tríthaobhacha (MEPC.2/Ciorclán), gan Comhaontuithe Sealadacha Tríthaobhacha a áireamh.

4. Íoscheanglais maidir le feidhmíocht an chórais

Frámaí ama um Infhaighteacht Sonraí: Beidh tacaíocht ag an mBunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha ó naisc agus líonraí cumarsáide sonraí lena mbeifear in ann faisnéis a aistriú idir an dá chóras laistigh de 1 nóiméad.

Frámaí ama um Stóráil Sonraí: Beidh fáil sa Bhunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha ar na cóid súimh agus saoráide calafoirt ghníomhacha agus ní bheidh aon teorainn ama leis an bhfáil sin.

Ceanglais maidir le hInfhaighteacht an Chórais: Déanfar an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha a choinneáil ag oibriú ar feadh 99 % den am, ar a laghad, thar thréimhse bliana, agus is é 12 uair an chloig an uastréimhse a cheadaítear é a bheith gan oibriú.

Tar éis tréimhse neamhfhónaimh, beidh sé indéanta faisnéis an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha a athghabháil an méid is mó is féidir.

Cuirfear na Ballstáit ar an eolas i gcás cliseadh nó briseadh sceidealta.

5. Íosbhearta slándála an chórais

Sainnithint: Cuirfear meicníocht iontaofa sainaitheanta chun feidhme chun úsáideoirí an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha a shainnithint le mír aitheantais uathúil úsáideora.

Fíordheimhniú: Is ar mhodhanna fíordheimhniúcháin aitheanta a bhunófar an próiseas fíordheimhniúcháin i gcomhair chomhéadan “córas go córas” an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha trí shraith soicéad slán (SSL) déthroo a chur chun feidhme. Maidir le comhéadan úsáideora gréasáin, is le sraith dintiúr a dhéanfaidh na húsáideoirí an fíordheimhniú.

Údarú: Údarófar na húsáideoirí trí bhearta rialaithe rochtana a chur i bhfeidhm maidir le rochtain a fháil ar chomhéadain an Bhunachair Sonraí Chomhchoitinn um Ábhair Ghuaiseacha. Déanfar gach rochtain a thairfeadh. Déanfar na húdaruithe a athbhreithniú go tráthrialta.

Inrianaitheacht agus cuntasacht: Áiríteoidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha an neamhshéanadh maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag úsáideoirí trína chomhéadain. Chun na críche sin, déanfaidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha rianú agus taifeadh ar aon rochtain, ar aon teagmhas agus ar aon mhodhuithe a dhéantar ar a chuid sonraí. Déanfar an t-aitheantas úsáideora, an stampa ama agus an ghníomhaíocht a dhéanfar a thairfeadh in aghaidh gach teagmhais.

Sláine: Déanfaidh an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha seiceálacha sláine córais lena gcuirfear cosc ar theagmhais mhailíseacha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá fheidhmiúlachtaí.

⁽¹⁾ <http://www.emsa.europa.eu/rulecheck.html>

IARSCRÍBHINN VIII

FAISNÉIS SA DEARBHÚ IONTRÁLA ACHOMAIR ATÁ LE CUR AR FÁIL DON IONAD ILFHREASTAIL MUIRÍ NÁISIÚNTA

Baineann an Iarscríbhinn seo leis an bhfaisnéis sa dearbhú iontrála achomair a shainítear i gcolúin F10, F11, F12 agus F13 d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/2446 ar leibhéal cheanntásc an dearbhaithe agus ar leibhéal na príomhchoinsíneachta, lena n-áirítear faisnéis maidir le mír earraí príomhchoinsíneachta, a thaisceann an muiriompróir nó a ionadaí go díreach. Faisnéis an dearbhaithe iontrála achomair ar leibhéal coinsíneachta tí nó arna taisceadh ag páirtithe eile, níl sí infheidhme maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1239.

Chun a áirithiú nach n-iarrtar ar an dearbhóir an fhaisnéis de bhun Rialachán (AE) 2019/1239 a chur ar fáil ach uair amháin in aghaidh gach cuaird ar chalafoirt, ní chuirfear ar fáil don Ionad Ilfhreastail Muirí Náisiúnta an fhaisnéis maidir leis an dearbhú iontrála achomair arna thaisceadh ag an iompróir farraige nó a ionadaí agus a liostaítear san Iarscríbhinn seo ach amháin sa chás gur féidir an fhaisnéis sin a athúsáid le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe eile i ndáil leis an gcuaird chalafoirt chéanna. Is i gcomhréir le reachtaíocht Chustaim an Aontais a roinnfear faisnéis den chineál sin leis na húdaráis ábhartha agus áiritheofar an rúndacht i leith faisnéis tráchtála agus faisnéis íogair eile a mhalartaítear.

Uimh. Eilimint Sonraí Chód Custaim an Aontais	Eilimint sonraí/ainm aicme Fo-eilimint sonraí/ainm fo-aicme	Uimh. Thacar Sonraí EMSWe
11 03 000 000	Uimhir míre earraí	DE-048-01
12 02 008 000	Faisnéis bhreise, Cód	DE-048-12
12 02 009 000	Faisnéis bhreise, Téacs	DE-048-13
12 03 001 000	Doiciméad tacaíochta, Uimhir thagartha	DE-048-14
12 03 002 000	Doiciméad tacaíochta, Cineál	DE-048-15
12 05 001 000	Doiciméad iompair, Uimhir thagartha	DE-056-02
12 05 002 000	Doiciméad iompair, Cineál	DE-056-03
12 08 000 000	Uimhir thagartha/Uimhir thagartha uathúil choinsíneachta	DE-047-14
13 02 016 000	Coinsíneoir, Ainm	DE-058-01
13 02 017 000	Coinsíneoir, Uimhir aitheantais	DE-058-02
13 02 028 000	Coinsíneoir, An cineál duine	DE-058-03
13 02 018 023	Coinsíneoir, Seoladh, Sráid	DE-058-05
13 02 018 024	Coinsíneoir, Seoladh, Líne bhreise na sráide	DE-058-06
13 02 018 025	Coinsíneoir, Seoladh, Uimhir	DE-058-07
13 02 018 026	Coinsíneoir, Seoladh, Bosca Poist	DE-058-08
13 02 018 027	Coinsíneoir, Seoladh, Foroinn	DE-058-11
13 02 018 020	Coinsíneoir, Seoladh, Tír	DE-058-12
13 02 018 021	Coinsíneoir, Seoladh, Cód Poist	DE-058-09
13 02 018 022	Coinsíneoir, Seoladh, Cathair	DE-058-10
13 02 029 015	Coinsíneoir, Cumarsáid, Aitheantóir	DE-058-13
13 02 029 002	Coinsíneoir, Cumarsáid, Cineál	DE-058-14
13 03 016 000	Coinsíní, Ainm	DE-059-01
13 03 017 000	Coinsíní, Uimhir aitheantais	DE-059-02
13 03 028 000	Coinsíní, An cineál duine	DE-059-03

13 03 018 023	Coinsíní, Seoladh, Sráid	DE-059-05
13 03 018 024	Coinsíní, Seoladh, Líne bhreise na sráide	DE-059-06
13 03 018 025	Coinsíní, Seoladh, Uimhir	DE-059-07
13 03 018 026	Coinsíní, Seoladh, Bosca poist	DE-059-08
13 03 018 027	Coinsíní, Seoladh, Foroinn	DE-059-11
13 03 018 020	Coinsíní, Seoladh, Tír	DE-059-12
13 03 018 021	Coinsíní, Seoladh, Cód poist	DE-059-09
13 03 018 022	Coinsíní, Seoladh, Cathair	DE-059-10
13 03 029 015	Coinsíní, Cumarsáid, Aitheantóir	DE-059-13
13 03 029 002	Coinsíní, Cumarsáid, Cineál	DE-059-14
13 13 016 000	Páirtí dá dtugtar fógra, Ainm	DE-062-01
13 13 017 000	Páirtí dá dtugtar fógra, Uimhir aitheantais	DE-062-02
13 13 028 000	Páirtí dá dtugtar fógra, An cineál duine	DE-062-03
13 13 018 023	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Sráid	DE-062-04
13 13 018 024	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Líne bhreise na sráide	DE-062-05
13 13 018 025	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Uimhir	DE-062-06
13 13 018 026	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Bosca poist	DE-062-07
13 13 018 027	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Foroinn	DE-062-10
13 13 018 020	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Tír	DE-062-11
13 13 018 021	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Cód poist	DE-062-08
13 13 018 022	Páirtí dá dtugtar fógra, Seoladh, Cathair	DE-062-09
13 13 029 015	Páirtí dá dtugtar fógra, Cumarsáid, Aitheantóir	DE-062-12
13 13 029 002	Páirtí dá dtugtar fógra, Cumarsáid, Cineál	DE-062-13
13 14 031 000	Gníomhaí breise sa slabhra soláthair, Ról	DE-057-01
13 14 017 000	Gníomhaí breise sa slabhra soláthair, Uimhir aitheantais	DE-057-02
15 03 000 000	Dáta agus am teachta measta ⁽¹⁾	DE-022-03
16 05 020 000	Áit seachadta, Tír	DE-047-08
16 05 037 000	Áit seachadta, Suíomh	DE-047-09
16 13 036 000	Áit luchtaithe, NA/LOCODE	DE-047-01
16 13 020 000	Áit luchtaithe, Tír	DE-047-02
16 13 037 000	Áit luchtaithe, Suíomh	DE-047-03
16 14 036 000	Áit díluchtaithe, NA/LOCODE	DE-047-04
16 14 020 000	Áit díluchtaithe, Tír	DE-047-05
16 14 037 000	Áit díluchtaithe, Suíomh	DE-047-06
16 16 037 000	Áit ghlactha, Suíomh	DE-047-11

18 03 000 000	Ollmhais iomlán	DE-047-16
18 04 000 000	Ollmhais	DE-048-03
18 05 000 000	Tuairisc ar na hearraí	DE-048-04
18 06 003 000	Pacáistiú, An cineál pacáistí	DE-048-10
18 06 004 000	Pacáistiú, An líon pacáistí	DE-048-09
18 06 054 000	Pacáistiú, Marcanna seolacháin	DE-048-08
18 07 055 000	Earraí contúirteacha, Uimhir NA	DE-049-03
18 08 000 000	Cód CUS	DE-048-07
18 09 056 000	Cód tráchtearra, Cód fho-cheanteideal an Chórais Chomhchuibhithe	DE-048-05
18 09 057 000	Cód tráchtearra, Cód na hainmníochta comhcheangailte	DE-048-06
19 01 000 000	Táscaire coimeádáin	DE-047-15
19 03 000 000	Modh iompair ag an teorainn	DE-014-03
19 07 063 000	Trealamh iompair, Uimhir aitheantais an choimeádáin	DE-051-01
19 07 064 000	Trealamh iompair, Sainaitheint mhéid agus chineál an choimeádáin	DE-051-13
19 07 065 000	Trealamh iompair, Stádas an choimeádáin ó thaobh pacála de	DE-051-03
19 08 017 000	Cóir iompair ghníomhach ag an teorainn, Uimhir aitheantais	DE-005-03
19 08 067 000	Cóir iompair ghníomhach ag an teorainn, An cineál córa iompair	DE-005-16
19 09 017 000	Cóir iompair éighníomhach ag an teorainn, Uimhir aitheantais	DE-065-04
19 09 067 000	Cóir iompair éighníomhach ag an teorainn, An cineál córa iompair	DE-048-11
19 10 068 000	Séala, An líon séalaí	DE-051-04
19 10 015 000	Séala, Aitheantóir	DE-051-05

(¹) Ní féidir é a athúsáid ach amháin i dtaca le fógra teachta (Airteagal 133 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/205 ÓN gCOIMISIÚN
an 7 Samhain 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1239 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaíid Ilfhreastail Mhuirí agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaíid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2019/1239, rinneadh Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ a aisghairm agus cuireadh Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ ina hionad. Ba cheart dá bhrí sin an tagairt do Threoir (AE) 2019/883 a chuir in ionad na tagartha do Threoir 2000/59/CE san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239. Thairis sin, toisc go ndéantar foráil in Airteagal 7(3) de Threoir (AE) 2019/883 maidir leis an oibleagáid chun an fhaisnéis atá san admháil seachadta dramhaíola a thuairisciú, ba cheart é a lua freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239.
- (2) Leagtar amach na forálacha lena mbunaítear oibleagáidí tuairiscithe atá ábhartha don timpeallacht Eorpach Ionaíid Ilfhreastail Mhuirí in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ (Cód Teorainneacha Schengen). Tá sé riachtanach dá bhrí sin an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239 a leasú trí Airteagal 19 a chur in ionad na tagartha d'Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen.
- (3) Tá Airteagal 7(1), pointe (b) de Threoir 2001/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ ábhartha do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1239, agus ní fhorchuirtear oibleagáidí tuairiscithe leis na forálacha eile d'Airteagal 7 de Threoir 2001/96/CE. Is gá dá bhrí sin an tagairt do Threoir 2001/96/CE a leasú sa chaoi nach dtagraíonn sí ach d'Airteagal 7(1), pointe (b) den Treoir sin.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239 a leasú dá réir.
- (5) Ba cheart go n-áireofaí leis an tacar sonraí EMSWe na heilimintí sonraí a éilítear de réir reachtaíocht an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239, chomh maith leis an reachtaíocht náisiúnta nach mór a sholáthar i ndáil le cuaird chalafoirt. San obair ullmhúcháin chun tacar sonraí EMSWe a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2019/1239, thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na heilimintí sonraí ina reachtaíocht náisiúnta agus ina gceanglais náisiúnta.
- (6) Ba cheart gach eilimint sonraí de thacar sonraí EMSWe a shainthint le hainm maille le tuairisc, agus ba cheart saintréithe teicniúla beachta a bheith aici lena dtabharfaí cineál agus fad carachtair le fios. D'fhonn iomadú na gceanglas sonraí a chosc agus an tuairisciú muirí a shimpliú, rinne an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, ainmneacha, sainmhínte agus formáidí na n-eilimintí sonraí sin a chomhchuihbhiú.

⁽¹⁾ IO L 198, 25.7.2019, lch. 64.

⁽²⁾ Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt don dramhaíl a ghintear ar bord loinge agus d'iarthar lasta (IO L 332, 28.12.2000, lch. 81).

⁽³⁾ Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

⁽⁵⁾ Treoir 2001/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2001 lena mbunaítear ceanglais agus nósanna imeachta comhchuihbhithe maidir le luchtú agus díluchtú sábháilte bulc-iompróirí (IO L 13, 16.1.2002, lch. 9).

- (7) Chun a áirithiú go n-urramaítear na ceanglais sonraí chomhchoiteanna, na formáidí agus na cóid, agus go gcuirtear i bhfeidhm sa tuairisciú iad trí na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta, is gá cur i bhfeidhm na liostaí cóid comhchuibhithe agus na rialacha gnó a chur ar bun i dtacar sonraí EMSWe i gcás inarb infheidhme.
- (8) Chun éascú don tuairisciú leictreonach trí na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta, ba cheart a léiriú sa tacar sonraí EMSWe nuair is infheidhme iad na heilimintí sonraí maidir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239 agus is infheidhme maidir leis an reachtaíocht náisiúnta.
- (9) Chun éascú don tuairisciú le haghaidh long, agus i bhfianaise na gné idirnáisiúnta den loingseoireacht, ba cheart tagairt a dhéanamh sa tacar sonraí do “Coimre IMO maidir le héascaíocht agus gnó leictreonach” a leagtar amach in Imlitir FAL.5/Iml.44 arna heisiúint ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Ba cheart a léiriú leis an tagairt an léarscáiliú idir na heilimintí sonraí i dtacar sonraí EMSWe agus na heilimintí sonraí comhfhreagracha i gCoimre FAL.
- (10) Tá roinnt tagairtí san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239 d'oibleagáidí tuairiscithe custaim. Is gá an chuid is mó de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh trí na ceanglais sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus na formáidí agus na cóid a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾ a chur i bhfeidhm. Chun ráthaíocht a thabhairt gur féidir le córais TF custaim próiseáil a dhéanamh go héasca ar na sonraí a thaisceann na dearbhóirí trí na hionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, ba cheart léarscáiliú a áireamh idir na ceanglais sonraí custaim agus na heilimintí sonraí comhfhreagracha a bhaineann le tacar sonraí EMSWe.
- (11) Ba cheart dá bhrí sin Rialachán (AE) 2019/1239 a fhorlíonadh chun an tacar sonraí EMSWe a bhunú.
- (12) Tá dlúthnasc idir bunú thacar sonraí EMSWe agus na hoibleagáidí tuairiscithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239. Dá bhrí sin, is iomchuí an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239 a leasú agus tacar sonraí EMSWe a bhunú faoin rialachán céanna chun comhleanúnachas dlíthiúil a áirithiú.
- (13) Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe agus le páirtithe leasmhara.
- (14) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/1239 ó 15 Lúnasa 2025, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón dáta céanna,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2019/1239

Cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239.

Airteagal 2

Tacar sonraí EMSWe a bhunú

Leagtar amach tacar sonraí EMSWe dá bhforáiltear faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1239 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽⁶⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Lúnasa 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE

A. Oibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as gníomhartha dlí de chuid an Aontais

Áirítear leis an gcatagóir oibleagáidí tuairiscithe seo an fhaisnéis is gá a sholáthar i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

A1 - Fógra a thabhairt do longa ag teacht isteach agus ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát

Airteagal 4(1) de Threoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

A2 - Seiceálacha teorann ar dhaoine

Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialáitear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

A3 - Fógra a thabhairt faoi earraí contúirteacha nó truaillithe arna n-iompar ar bord

Airteagal 13 de Threoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

A4.1 - Réamhfhógra a thabhairt maidir le dramhaíl

Airteagal 6(1) de Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

A4.2 - Admháil seachadta dramhaíola

Airteagal 7(3) de Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

A5 - Faisnéis slándála loinge réamhtheachta

Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6).

Is í an fhoirm a leagtar amach san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a úsáidfeadh chun na heilimintí sonraí a bhfuil gá leo a shainiú faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004.

A6.1 - Líon na ndaoine ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí

Airteagal 4(2) de Threoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn isteach nó amach as calafoirt de chuid Bhallstáit an Chomhphobail (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

A6.2 Faisnéis maidir le daoine ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí

Airteagal 5(2) de Threoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn isteach nó amach as calafoirt de chuid Bhallstáit an Chomhphobail (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

A7 - Foirmiúlachtaí custaim

A7.1 - Fógra a thabhairt faoi theacht (Airteagal 133 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1);

A7.2 - Earraí a thíolacadh do lucht custaim (Airteagal 139 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013);

A7.3 - **Dearbhú le haghaidh stóráil shealadach earraí** (Airteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013);

A7.4 - **Stádas custaim earraí** (Airteagail 153 go 155 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013);

A7.5 - **Doiciméid leictreonacha iompair a mbaintear leas astu d'idirthuras** (Airteagal 233(4), pointe (e) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013);

A7.6 - **Fógra a thabhairt faoi imeacht** (Airteagal 267 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013);

A7.7 - **Dearbhú imeachta achomair** (Airteagail 271 agus 272 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013);

A7.8 - **Fógra a thabhairt maidir le hath-onnmhairiú** (Airteagail 274 agus 275 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013).

A8 - **Luchtú agus díluchtú sábháilte bulc-iompróirí**

Airteagal 7(1), pointe (b) de Threoir 2001/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2001 lena mbunaítear na ceanglais agus na nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le luchtú agus díluchtú sábháilte bulc-iompróirí (IO L 13, 16.1.2002, lch. 9).

A9 - **Fógra a thabhairt maidir le teacht isteach longa atá incháilithe do chigireacht fhairsingithe**

Airteagal 9(1) de Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stát calafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

A10 - **Staitisticí iompair mhuirí**

Airteagal 3 de Threoir 2009/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir (IO L 141, 6.6.2009, lch. 29).

B. **Doiciméid agus oibleagáidí tuairiscithe FAL a eascraíonn as ionstraimí dlí idirnáisiúnta**

Áirítear leis an gcatagóir oibleagáidí tuairiscithe seo an fhaisnéis is gá a sholáthar i gcomhréir le Coinbhinsiún FAL agus le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile.

B1 - FAL 1: Dearbhú Ginearálta

B2 - FAL 2: Dearbhú Lasta

B3 - FAL 3: Dearbhú Stóras Loinge

B4 - FAL 4: Dearbhú maidir le Maoin an Chriú

B5 - FAL 5: Liosta Criú

B6 - FAL 6: Liosta Paisinéirí

B7 - FAL 7: Earraí Contúirteacha

B8 - Dearbhú Sláinte Muirí

C. **Oibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as ceanglais agus reachtaíocht náisiúnta**

—

IARSCRÍBHINN II

ROINN 1

Réamhnótaí

Tá na hainmneacha, na formáidí, agus an sainmhíniú ar eilimintí sonraí a chuimsítear san Iarscríbhinn seo infheidhme maidir le tacar sonraí EMSWe dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1239.

Liostaítear na heilimintí sonraí i Ranna 2 agus 3 de réir grúpaí sonraí. Ceapadh grúpaí sonraí chun léamh agus sórtáil eilimintí sonraí a éascú.

Léirítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “ID” uimhir aitheantais uathúil an ghrúpa sonraí (a thosaíonn leis an réimír “DG”) nó uimhir aitheantais uathúil na heiliminte sonraí (a thosaíonn leis an réimír “DE”) laistigh de thacar sonraí EMSWe.

Léirítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “Ainm” ainm caighdeánach an ghrúpa sonraí nó na heiliminte sonraí.

Soláthraítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “Tuairisc” tuairisc théacsúil ar an eilimint sonraí.

Léirítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “Formáid” na ceanglais maidir leis an gcineál sonraí agus fad na sonraí. Is iad seo a leanas na cóid le haghaidh na gcineálacha sonraí:

a	aibítreach
n	uimhriúil
au	alfa-uimhriúil

Léiríonn an uimhir tar éis an chóid fad inghlactha na sonraí.

Baineann an méid a leanas:

Ciallaíonn an dá phonc roghnacha roimh tháscaire an fhaid nach bhfuil fad seasta ag na sonraí, ach go bhféadann sé suas le líon áirithe digití a bheith aige, mar a shonraítear le táscaire an fhaid. Ciallaíonn camóg i bhfad na sonraí gur féidir leis an aitreabúid deachúlacha a bheith aige, léiríonn an digit roimh an gcamóg fad iomlán na haitreabúide, léiríonn an digit tar éis na camóige líon uasta na ndigití tar éis an phointe dheachúlaiagh.

Samplaí d'fhaid réimse agus formáidí:

a1	1 charachtar aibítreach, aonfhaid
u2	2 charachtar uimhriúla, aonfhaid
au3	3 alfa-uimhriúil, aonfhaid
a..4	suas le 4 charachtar aibítreacha
u..5	suas le 5 charachtar uimhriúla
au..6	suas le 6 charachtar alfa-uimhriúla
u..7,2	suas le 7 gcarachtar uimhriúla lena n-áirítear 2 dheachúil ar a mhéid, agus treormharcóir ceadaithe ar foluain

Léirítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “Coimre IMO”, nuair a sholáthraítear é, aitheantas eilimint sonraí na heiliminte sonraí comhfhreagraí ó Choimre IMO maidir le héascú agus gnó leictreonach, arna foilsiú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta leis an tagairt FAL.5/ Circ.44.

Léirítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “UCC Iarscríbhinn B”, nuair a sholáthraítear é, cód nós imeachta na heiliminte sonraí comhfhreagraí ó Iarscríbhinn B de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

I gcás ina mbíonn an fhaisnéis in eilimint sonraí i bhfoirm cód, cuirfeadh an liosta cód a léirítear sa cholún ar a bhfuil an ceannteideal “Liosta cód” i bhfeidhm. Sainmhínítear liostaí cód i Roinn 4, i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais Eorpaigh nó i gcaighdeáin idirnáisiúnta. A mhéid a bhaineann le liostaí cód UCC, is é Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, Iarscríbhinn B, teideal II, an tagairt dhlíthiúil.

Nuair a dhéantar tagairt do liosta cód GEONOM, sainmhínítear na cóid atá le húsáid i réamhnóta uimhir 13, pointe 3 d'Iarscríbhinn B de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Léirítear leis an gcolún ar a bhfuil an ceannteideal “Rialacha gnó”, nuair a sholáthraítear é, na rialacha gnó a sholáthraítear i Roinn 5 is infheidhme maidir leis an eilimint sonraí.

Léirítear leis na colúin i Roinn 3 den Iarscríbhinn seo ar a bhfuil ceannteidil ó “A1” go “C” cé acu oibleagáidí tuairiscithe, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239, ina n-úsáidtear an eilimint sonraí.

Ainmneacha, formáidí agus sainmhínte eilimintí sonraí

Aitheantas	Ainm	Tuairisc	Formáid	Coimre IMO	UCC, Iarscríbhinn B	Liosta cód	Rialacha Gnó
DG-001	Ginearálta						
DE-001-01	Aonad tomhais, códaithe	Cód lena léirítear na haonaid a tomhaiseadh le haghaidh méid tagartha ar bord, amhail maoin phearsanta an chriú, stórais na loinge, agus lastas.	au..3			Moladh UN/ECE 20 (Cóid EDIFACT 6411)	
DE-001-02	Uimhir sheichimh	An uimhir sheichimh a thugtar d'eilimint i liosta	u..5				
DG-002	Ceanntásc teachtaireachta						
DE-002-01	Dáta agus am na teachtaireachta	An dáta agus an t-am a seoladh an teachtaireacht	au..35	IMO0078			BR-001
DE-002-02	Dáta agus am fíordheimhniúcháin	An dáta agus an t-am a dheimhnik an dearbhóir an fhaisnéis san fhoirmiúlacht.	au..35	IMO0014	1506000000		BR-001
DE-002-03	Cineál teachtaireachta, códaithe	An cód lena sonraítear ainm chineál teachtaireachta: cineál foirmiúlachta nó cineál freagartha	au..3	IMO0192		Féach liosta cód "Foirmiúlachtaí agus cineálacha freagartha"	
DE-002-04	Cineál dearbhaithe custaim	Cuir isteach cód ábhartha an Aontais	au..5		1101000000	Déan tagairt do liostaí cóid UCC	BR-047
DE-002-05	Aitheantóir sheoltóir na teachtaireachta	Aitheantóir an pháirtí a sheolann an teachtaireacht. Aitheantas sheoltóir fisiciúil na teachtaireachta (an córas).	au..17	IMO0082			
DE-002-06	Sainaitheantóir fhaighteoir na teachtaireachta	Aitheantóir an pháirtí a fhaigheann an teachtaireacht (an córas). Aitheantas an fhaighteora shonraigh, ar dósan an teachtaireacht.	au..17	IMO0275			
DE-002-07	Aitheantóir teachtaireachta	Aitheantóir uathúil teachtaireachta. Úsáidtear é le haghaidh teachtaireachtaí earráide aisioncronacha nó admhálacha a bhaineann leis an teachtaireacht sin.	au..70	IMO0277			
DE-002-08	Feidhm teachtaireachta, códaithe	An cód lena soláthraítear feidhm teachtaireachta.	au..3	IMO0305		Cóid UN/EDIFACT 1225	BR-054

DE-002-09	LRN	Úsáidfean an uimhir thagartha áitiúil (LRN). Déanann an dearbhóir í a shainiú agus a leithdháileadh go náisiúnta i gcomhaontú leis na húdaráis inniúla chun gach dearbhú aonair a shainiú.	au..22		1209000000		
DG-003	Faisnéis bhreise						
DE-003-01	Nótaí	Ráiteas maidir le haon fhaisnéis eile a bhaineann le teacht, fanacht nó imeacht loinge.	au..512	IMO0196			
DE-003-02	Ainm ceangaltáin, códaithe	Cód lena léirítear ainm an doiciméid cheangailte.	au..17			Féach liosta cód “Cineál ceangaltáin”	
DE-003-03	Tuairisc ar cheangaltán	Tuairisc théacsúil ar an doiciméad ceangailte	au..256				
DG-004	Dearbhóir						
DE-004-01	Uimhir aitheantais an dearbhóra	Uimhir EORI an dearbhóra	au..17	IMO0017	1305017000, 1310017000, 1317017000		
DE-004-02	Ainm an dearbhóra	Ainm iomlán an dearbhóra agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an dearbhóra.	au..70	IMO0016	1305016000		
DE-004-03	Ról an dearbhóra, códaithe	Cód lena soláthraítear ról an dearbhóra	au3	IMO0128		Cóid UN/EDIFACT (3035)	
DE-004-04	Aitheantóir cumarsáide an dearbhóra	Cuir isteach uimhir fóin nó seoladh ríomhphoist ar cheart do na húdaráis tuilleadh fiosruithe a sheoladh chuige.	au..512		1310029015, 1305029015		
DE-004-05	Cineál cumarsáide an dearbhóra	Cuir isteach an cód ábhartha.	au3		1310029002, 1305029002	Déan tagairt do liostaí cód UCC	
DE-004-06	Sráid sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach ainm sráide sheoladh an pháirtí.	au..70		1305018023		
DE-004-07	Sráid sheoladh an dearbhóra, líne bhreise	Lean de bheith ag cur isteach ainm na sráide i seoladh an pháirtí nuair nach bhfuil go leor spáis faoi “sráid”.	au..70		1305018024		
DE-004-08	Uimhir sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach uimhir nó ainm an fhoirgnimh nó na saoráide.	au..35		1305018025		

DE-004-09	Bosca oifige poist sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach faisnéis maidir le bosca oifige poist an pháirtí.	au..70		1305018026		
DE-004-10	Foroinn sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach réigiún nó cúige ar leith.	au..35		1305018027		
DE-004-11	Tír sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach cód na tíre.	a2		1305018020	Cód GEONOM	
DE-004-12	Cód poist sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.	au..17		1305018021		
DE-004-13	Cathair sheoladh an dearbhóra	Cuir isteach ainm cathrach sheoladh an pháirtí.	au..35		1305018022		
DE-004-14	Dearbhóir, Teagmhálaí: Ainm	Cuir isteach ainm iomlán an pháirtí agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an pháirtí.	au..70		1305074016		
DE-004-15	Dearbhóir, Teagmhálaí: Uimhir theileafóin	Cuir isteach uimhir fóin an teagmhálaí.	au..35		1305074075		
DE-004-16	Dearbhóir, Teagmhálaí: Seoladh ríomhphoist	Cuir isteach seoladh ríomhphoist an teagmhálaí.	au..256		1305074076		
DG-005	Long						
DE-005-01	Ainm na loinge	Ainm na loinge mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO)	au..70	IMO0142			
DE-005-02	Tá táscaire uimhir IMO ag an long	Táscaire “tá/níl” lena dtugtar le fios cé acu atá nó nach bhfuil uimhir IMO ag an long	u1			táscaire “tá/níl” (1=tá, 0=níl)	BR-040
DE-005-03	Uimhir IMO na loinge	Uimhir aitheantais uathúil na loinge mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO)	au7	IMO0140	1905017000, 1906017000, 1908017000		BR-041
DE-005-04	Uimhir MMSI	An t-aitheantóir a úsáideann glao roghnaitheach digiteach muirí (DSC), córais aitheantais uathoibríthe (AIS) agus trealamh áirithe eile chun long nó stáisiún raidió cósta a shainnaint.	au9				
DE-005-05	Glaochomhartha na loinge	Aitheantas uathúil na loinge a úsáidtear le haghaidh cumarsáid raidió go príomha mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO).	au..7	IMO0136			

DE-005-06	Uimhir ENI	An Uimhir Aitheantais Eorpach le haghaidh soithí a sheolann ar uiscí intíre na hEorpa.	au..15				
DE-005-07	Uimhir CFR	Uimhir chlár cabhlaigh iascaireachta an Aontais le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais.	au..12				
DE-005-08	Uimhir aitheantais loinge eile	Uimhir uathúil eile lenar féidir long, atá le húsáid i gcásanna nuair nach bhfuil uimhir IMO ná uimhir MMSI aige, a shaináithint.	au..70				
DE-005-09	Bratstát na loinge, códaithe	An cód a léiríonn náisiúntacht na loinge mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO)	a2	IMO0138		Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	BR-025
DE-005-10	Clárúchán na loinge, códaithe	Clár na Brataí ina bhfuil an long cláraithe	au4			Féach Iarscríbhinn V de Threoir 2009/42/CE	BR-046
DE-005-11	Ainm calafoirt clárúcháin na loinge	Ainm agus tír an Chalafoirt Clárúcháin mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO)	au..256	IMO0148			BR-000
DE-005-12	Calafort clárúcháin na loinge, códaithe	Cód lena léirítear an calafort clárúcháin mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO)	au5	IMO0147		NA/LOCODE	
DE-005-13	Dáta eisiúna chlárúcháin na loinge	An dáta eisiúna a léirítear ar an Deimhniú Cláraithe.	au..35	IMO0145			
DE-005-14	Uimhir chlárúcháin na loinge	An t-aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil arna shannadh ag an náisiún eisiúna don Deimhniú Cláraithe chun críoch rianaithe.	au..35	IMO0146			
DE-005-15	Náisiúntacht na córa iompair imeachta	An cód lena léirítear náisiúntacht na córa iompair ar a luchtáitear na hearraí go díreach tráth an onnmhairiúcháin nó tráth na bhfoirmiúlachtaí idirthurais.	a2		1905062000	Cód GEONOM	
DE-005-16	An cineál loinge, códaithe	An cineál loinge mar a thaispeántar ar dhoiciméid na loinge (e.g. deimhnithe IMO)	au..4	IMO0160	1908067000	Moladh UN/ECE 28	BR-060

DE-005-17	Plean Slándála, táscaire ceadaithe	Táscaire “tá/níl” lena léirítear cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear plean slándála ceadaithe ar bord na loinge.	u1	IMO0130		táscaire “tá/níl” (1=tá, 0=níl)	
DE-005-18	Leibhéal slándála reatha na loinge, códaithe	Cód lena léirítear leibhéal slándála na loinge sa chalafoirt teachta mar a shainmhínítear leis an gCód ISPS.	au..3	IMO0137		Féach Coimre IMO, Iarscríbhinn 4, roinn 6	
DE-005-19	Uimhir seirbhíse shatailít na loinge	Uimhir ghlaio uathúil aitheanta na seirbhíse satailíte móibíle a shannann an t-oibreoir don long agus a tháifeadtar in eolair loinge an oibreora i gcás ina soláthraítear é.	au..14	IMO0141			
DE-005-20	Soláthraí sheirbhíse satailíte na loinge, códaithe	Soláthraí aitheanta sheirbhíse satailíte mhóibíleach na loinge.	au..3	IMO0274		Féach Coimre IMO	
DE-005-21	Marcanna ar thaobh amuigh an tsoithigh	An uimhir agus na litreacha a thaispeántar ar thaobh amuigh soithí.	au..14				
DE-005-22	Cóir iompair loinge, códaithe	Cód lena léirítear an modh iompar a bhaineann leis an gcineál loinge.	u1			Moladh UN/ECE 19 (1: Iompar mairí, 8: Iompar ar uiscí intíre)	
DG-006	Deimhnithe loinge						
DE-006-01	Cineál deimhnithe, códaithe	Cód lena léirítear cineál deimhnithe.	au..10			Féach liosta cód “Cineál deimhnithe”	
DE-006-02	Táscaire maidir le deimhniú bailí	Táscaire “tá/níl” lena dtugtar le fios cé acu atá nó nach bhfuil deimhniú bailí den chineál a léirítear ag an long.	u1			táscaire “tá/níl” (1=tá, 0=níl)	
DE-006-03	Sainaitheantóir deimhnithe	Uimhir thagartha an deimhnithe mar a shainmhíníonn an eagraíocht eisiúna.	au..35				
DE-006-04	Tuairisc ar dheimhniú	Tuairisc ar an deimhniú.	au..256				BR-055
DE-006-05	Stádas deimhnithe, códaithe	Cód lena léirítear stádas an deimhnithe.	a1			Féach liosta cód “Stádas deimhnithe”	
DE-006-06	Cineál eisitheoir an deimhnithe, códaithe	Cód lena léirítear cineál na heagraíochta a d’eisigh an deimhniú.	u2			Féach liosta cód “Cineál eisitheoir an deimhnithe”	

DE-006-07	Bratstát eisitheoir an deimhnithe, códaithe	Cód lena léirítear tír na brataí a d'eisigh an deimhniú.	a2	IMO0070		Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	BR-056
DE-006-08	Eisitheoir an deimhnithe, códaithe	Cód lena léirítear an comhlacht / eagraíocht a d'eisigh an deimhniú (i gcás inar RO/RSO/Aicme é).	a3			Féach liosta cód "Eisitheoir an deimhnithe"	BR-057
DE-006-09	Ainm eisitheoir an deimhnithe	Ainm an chomhlachta/na heagraíochta a d'eisigh an deimhniú (i gcás inar comhlacht faoina dtugtar fógra, cuideachta árachais nó eile é).	au..70	IMO0129			BR-058
DE-006-10	Dáta eisiúna an deimhnithe	An dáta a eisíodh an deimhniú.	au..35	IMO0145			
DE-006-11	Dáta éaga an deimhnithe	An dáta éaga a thaispeántar ar an deimhniú.	au..35				
DE-006-12	Nótaí tráchta an deimhnithe	Faisnéis bhreise nó barúlacha maidir leis an deimhniú.	au..256				
DE-006-13	Áit eisiúna an deimhnithe, códaithe	Cód lena saináithnítear an áit ar eisíodh an deimhniú.	au5			NA/LOCODE	
DE-006-14	Ainm áit eisiúna an deimhnithe	Ainm na háite inar eisíodh an deimhniú.	au..256				
DE-006-15	An dáta óna mbíonn an deimhniú bailí	An dáta a thagann an Deimhniú i bhfeidhm.	au..35				
DE-006-16	Dáta deiridh sínte an deimhnithe	An dáta a rachaidh síneadh ama bhailíocht an deimhnithe in éag.	au..35				
DG-007	Bainistíocht fhaisnéis na loinge						
DE-007-01	Uimhir IMO na cuideachta	An uimhir aitheantais uathúil cuideachta a thaispeántar sa Taifead Achoimre Leanúnaí (CSR).	au..17	IMO0031			
DE-007-02	Ainm na cuideachta IMO	Ainm na Cuideachta a thaispeántar sa Taifead Achoimre Leanúnaí (CSR).	au..70	IMO0032			
DE-007-03	Sráid agus uimhir na cuideachta IMO	An t-ainm agus an uimhir sráide i seoladh na Cuideachta loinge IMO.	au..256	IMO0239			

DE-007-04	Cód poist na cuideachta IMO	An cód poist i seoladh na Cuideachta loinge IMO.	au..9	IMO0240			
DE-007-05	Ainm cathrach na cuideachta IMO	Ainm cathrach sheoladh Chuideachta loinge IMO.	au..35	IMO0241			
DE-007-06	Tír na cuideachta IMO, códaithe	Cód lena sainaithean an tír i seoladh na cuideachta loinge IMO.	a2	IMO0242		Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	
DE-007-07	Uimhir theileafóin na cuideachta IMO	Uimhir theileafóin na cuideachta IMO loinge.	au..50				
DE-007-08	Seoladh ríomhphoist na cuideachta IMO	Seoladh ríomhphoist na Cuideachta IMO loinge.	au..256				
DE-007-09	Uimhir IMO an úinéara chláráithe	Uimhir IMO chuideachta úinéir cláráithe na loinge.	au..17				
DE-007-10	Ainm an úinéara chláráithe	Ainm úinéir cláráithe na loinge.	au..70				
DE-007-11	Sráid agus uimhir an úinéara chláráithe	Ainm agus uimhir sráide sheoladh úinéir cláráithe na loinge.	au..99				
DE-007-12	Cód poist an úinéara chláráithe	Cód poist sheoladh úinéir cláráithe na loinge.	au..24				
DE-007-13	Ainm cathrach an úinéara chláráithe	Ainm cathrach sheoladh úinéir cláráithe na loinge.	au..99				
DE-007-14	Tír an úinéara chláráithe, códaithe	Cód lena sainaithean tír sheoladh úinéir cláráithe na loinge.	a2			Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	
DE-007-15	Ainm an Chlub Cosanta agus Slánaíochta	Ainm an Chlub Árachais Cosanta agus Slánaíochta.	au..70				
DE-007-16	Ainm an léasaí	Ainm léasaí na loinge má táthar ag feidhmiú faoi léas.	au..70				
DE-007-17	Ainm an bhainisteora tráchtála	Ainm bhainisteoir tráchtála na loinge.	au..70				
DE-007-18	Sráid agus uimhir an bhainisteora tráchtála	Ainm agus uimhir sráide sheoladh bhainisteoir tráchtála na loinge.	au..99				

DE-007-19	Cód poist an bhainisteora tráchtála	Cód poist sheoladh bhainisteoir tráchtála na loinge.	au..24				
DE-007-20	Ainm cathrach an bhainisteora tráchtála	Ainm cathrach sheoladh bhainisteoir tráchtála na loinge.	au..99				
DE-007-21	Tír an bhainisteora tráchtála, códaithe	Cód lena sainithnítear tír sheoladh bhainisteoir tráchtála na loinge.	a2			Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	
DE-007-22	Ainm an bhainisteora theicniúil	Ainm bhainisteoir teicniúil na loinge.	au..70				
DE-007-23	Sráid agus uimhir an bhainisteora theicniúil	Ainm agus uimhir sráide sheoladh bhainisteoir teicniúil na loinge.	au..99				
DE-007-24	Cód poist an bhainisteora theicniúil	Cód poist sheoladh bhainisteoir teicniúil na loinge.	au..24				
DE-007-25	Ainm cathrach an bhainisteora theicniúil	Ainm cathrach sheoladh bhainisteoir teicniúil na loinge.	au..99				
DE-007-26	Tír an bhainisteora theicniúil, códaithe	Cód lena sainithnítear tír sheoladh bhainisteoir teicniúil na loinge.	a2			Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	
DE-007-27	Cineál cairtfhostóra, códaithe	Cód lena léirítear cineál cairtfhostóir na loinge.	au..17			Féach liosta cód “Cineál cairtfhostóra”	
DE-007-28	Ainm an chairtfhostóra	Ainm chairtfhostóir na loinge.	au..70				
DE-007-29	Sráid agus uimhir an chairtfhostóra	Ainm agus uimhir sráide sheoladh chairtfhostóir na loinge.	au..99				
DE-007-30	Cód poist an chairtfhostóra	Cód poist sheoladh chairtfhostóir na loinge.	au..24				
DE-007-31	Ainm cathrach an chairtfhostóra	Ainm cathrach sheoladh chairtfhostóir na loinge.	au..99				
DE-007-32	Tír an chairtfhostóra, códaithe	Cód lena sainithnítear tír sheoladh chairtfhostóir na loinge.	a2			Cód ISO 3166-1 alpha-2 (cód UN/EDIFACT 3207)	
DE-007-33	Uimhir Chiste NOx na cuideachta	Uimhir eagraíochta oibreoir na loinge laistigh de chlárann chiste NOx.	au..11				

DE-007-34	Uimhir chleamhnúcháin Chiste NOx	Uimhir chleamhnúcháin Chiste NOx chuideachta na loinge.	au..10				
DE-007-35	Cód SMDG chuideachta na loinge	Cód aitheantais chuideachta na loinge de réir liosta cód Longa Cúrsála SMDG.	a3			Liosta cód Longa Cúrsála SMDG	
DG-008	Toisí fhaisnéis na loinge						
DE-008-01	Fad idir ingir	Tomhas, i méadair, ar fhad na loinge idir ingir.	n..4,2				
DE-008-02	Fad comhthreomhar na cabhlach ar aghaidh go dtí an lárphointe iolracháin lánluchtaithe	Tomhas, i méadair, ar fhad na loinge nuair a bhíonn achar agus cruth lárchuid na loinge cobhsaí, ón gceann go dtí an lár iolracháin, nuair a bhíonn an long lánluchtaithe.	n..4,2				
DE-008-03	Fad comhthreomhar na cabhlach siar go dtí an lárphointe iolracháin lánluchtaithe	Tomhas, i méadair, ar fhad na loinge nuair a bhíonn achar agus cruth lárchuid na loinge cobhsaí, ón deireadh go dtí an lár iolracháin, nuair a bhíonn an long lánluchtaithe.	n..4,2				
DE-008-04	Fad comhthreomhar na cabhlach ar aghaidh go dtí an lárphointe iolracháin i mballasta	Tomhas, i méadair, ar fhad na loinge nuair a bhíonn achar agus cruth lárchuid na loinge cobhsaí, ón gceann go dtí an lár iolracháin, nuair a bhíonn an long i mballasta.	n..4,2				
DE-008-05	Fad comhthreomhar na cabhlach siar go dtí an lárphointe iolracháin i mballasta	Tomhas, i méadair, ar fhad na loinge nuair a bhíonn achar agus cruth lárchuid na loinge cobhsaí, ón deireadh go dtí an lár iolracháin, nuair a bhíonn an long i mballasta.	n..4,2				
DE-008-06	Fad comhthreomhar chabhaíl na loinge	Tomhas, i méadair, ar fhad na loinge nuair a bhíonn achar agus cruth lárchuid na loinge cobhsaí.	n..4,2				
DE-008-07	Fad idir ceann agus droichead	Tomhas, i méadair, ar an bhfad idir ceann agus droichead.	n..4,2				
DE-008-08	Fad idir deireadh agus droichead	Tomhas, i méadair, ar an bhfad idir deireadh agus droichead.	n..4,2				

DE-008-09	Meá-lasta samhraidh	Tomhas ar an meá-lasta samhraidh i dtonnaí méadracha.	u..16,6				
DE-008-10	Toilleadh uasta TEU an tsoithigh	Toilleadh uasta an tsoithigh arna áireamh in Aonaid Choibhéise Fiche Troigh (TEUanna).	u..5				
DE-008-11	Doimhneacht snámha samhraidh	Tomhas ar dhoimhneacht snámha luchtaithe na loinge arna cheartú le haghaidh dhálaí séasúracha an cháis is measa.	n..4,2				
DE-008-12	Doimhneacht snámha fionnuisce	Tomhas, i méadair, ar an doimhneacht snámha i bhfionnuisce le haghaidh na soithí ar uiscebhealaí intíre.	n..4,2				
DE-008-13	Leithead an tsoithigh	Tomhas, i méadair, ar leithead is faide an tsoithigh.	n..4,2				
DE-008-14	Dromchla na stiúrach	Tomhas, i méadair chearnacha, ar dhromchla na stiúrach.	n..3,2				
DE-008-15	Limistéar gaotáiste	Tomhas, i méadair chearnacha, ar an dromchla ar ar féidir fórsa gaoithe a bheith i bhfeidhm agus imeacht le sruth a spreagadh.	n..4,2				
DE-008-16	Olltonnáiste laghdaithe	Tomhas ar an olltonnáiste laghdaithe arna ríomh de réir MSC 82/24/Add.2.	n..6,1				
